



NUI Galway
OÉ Gaillimh

OÉ Gaillimh Straitéis Inbhuanaitheachta

An t-aistriú go todhchaí
inbhuanaithe a threorú

2021-2025



“Ní le hoidhreacht atá an domhan againn ónár sinsir, ach ar iasacht ónár sliocht.”

Seanfhocal de chuid Dhúchasaigh Mheiriceá.



Brollach

Tá an Ollscoil seo, cosúil lenár sochaí iomlán, ar aistear agus, cosúil leis an tsochaí ina hiomláine, ní mór dúinn roghanna a dhéanamh maidir ní mór dúinn roghanna a dhéanamh maidir lena bhfuilimid sásta a dhéanamh. Níl stíl mhaireachtála ina ndéantar gach rud a úsáid go mbeidh sé idithe inbhuanaithe ná taitneamhach don chuid is mó againn. Ní feasacht uilíoch ar bhealach ar bith feasacht ar thábhacht an athraithe iompraíochta, agus uaireanta bíonn diúltú simplí follasach os ár gcomhair. Éilíonn na frithghníomhartha sin cur chuige seasmhachta inár measc siúd ar mian linn an saol a chothú ar an bpláinéad seo trí chéile. Agus an saol á chothú againn is eol dúinn go bhfuil an éagsúlacht ag croílár na hinbhuanaitheachta, lena n-áirítear bithéagsúlacht, éagsúlacht chultúrtha, éagsúlacht eacnamaíoch agus go leor eile. Is aidhm agus éiteas í an inbhuanaitheacht a dhéanann ceiliúradh ar dhífriocht agus a chuireann meas ar ár dtimpeallacht agus ar ár ndaoine uile chun cinn.

Tá an Ollscoil seo i mbun cleachtais inbhuanaithe maidir le tógáil le blianta fada anois, ag laghdú idiú fuinnimh fiú agus muid ag leathnú ár loirg fhisiciúil, agus ag cur bithéagsúlacht chun cinn ar ár n-eastát. Is mór an chreidiúint é d'Fhoirgnimh agus Eastáit, le tacaíocht ó phobal an champais, go bhfuil sé seo amhlaidh. Le roinnt blianta anois tá níos mó ná sin déanta againn in iarracht cultúr inbhuanaitheachta a leabú inár gcleachtais oideachais, inár dteagasc agus inár dtaighde, agus rinneamar iarracht comhoibríthe a fhorbairt le comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Thug an Chomhpháirtíocht Inbhuanaitheachta Pobail agus Ollscoile (CUSP), a seoladh in 2017, lucht acadúil, foireann tacaíochta gairmiúla agus mic léinn le chéile chun oibriú le chéile ar roinnt snáitheanna den ghníomhaíocht seo, agus feicfidh tú cuid de bhunchlocha na straitéise sin sa phlean straitéiseach seo, torthaí a dtiomantais gan staonadh agus neamhleithleach. In 2019, cheap an Ollscoil a céad Oifigeach Inbhuanaitheachta riamh, comhartha dár rún dáiríre sa réimse seo.

Tá teagmháil leis an bpobal i gcoitinne ag croílár ár gcuir chuige i leith na hinbhuanaitheachta. Nílimid scoite amach ón ngnáthphobal agus ag iarraidh a bheith ag seanmóireacht. Bheadh sé áiféiseach a leithéid a dhéanamh; thabharfadh sé le tuiscint go stadfadh pláinéad atá ag lobhadh ar bhealach draíochtúil ar

imeall an champais mar thoradh ar ár gcuid saineolais amháin. Tá comhghuaillithe lárnacha á lorg againn ar fud na sochaí, go háitiúil, go náisiúnta agus go domhanda, i dtionscal agus i gcomhlachtaí poiblí agus cultúrtha, agus leanfaimid orainn ag déanamh amhlaidh. Cuirimid réimse leathan saineolais ar fáil agus tá a fhios againn go bhfuil réimse níos leithne saineolais taobh amuigh a fhéadann ár n-iarrachtaí a chomhlánú agus a fheabhsú. Is cuid dhílis í an rannpháirtíocht phoiblí sin d'fheidhm aon ollscoile atá maoinithe go poiblí, agus is feidhm í a nglacaimid go croíúil léi.

Is iad ár gcuid mac léinn an acmhainn is mó atá againn, áfach. Nuair a chuaigh an Ollscoil seo i mbun comhairliúcháin leathan mar chuid d'fhorbairt ár bPlean Straitéisigh fhoriomláin, 2021-25, bhí inbhuanaitheacht ar cheann de go leor croíluchanna a luadh. Chinntigh freagra na mac léinn go háirithe go raibh sé ar cheann de na ceithre chroíluch, in éineacht le Meas, Oscailteacht agus Barr feabhais. Is mór an teist é ar obair Chomhaltas na Mac Léinn, a uachtarán ag an am agus ár mac léinn ar fad gur mar sin a bheadh, obair a lean ar aghaidh faoi uachtarán na bliana seo agus a leanfaidh ar aghaidh go cinnte sa todhchaí. Óir is iad sin agus a gcuid leanaí an todhchaí, agus todhchaí an phláinéid seo. Tá siad ina theideal uainn, ach is mór an t-ardú croí dúinn a thuiscint cé chomh feasach agus atá an t-aos óg go bhfuil siad féin freagrach chomh maith.

Is é Foghlaim – Mair – Spreag an t-éiteas a threoraíonn ár n-iarrachtaí inbhuanaitheachta, mar a oireann d'institiúid oideachais. Caithfidh ár gcuid foghlama a bheith teoriciúil agus praiticiúil chun bonn eolais a chur faoin mbealach a mairimid. Déanaimid iarracht, mar Ollscoil, oideachas a chur ar cheannairí an lae amárach agus an deis a thabhairt dóibh a gcumas cruthaitheach a fhorbairt. Má tá an pláinéad seo agus sliocht ár sleachta le maireachtáil, beidh raidhse ceannairí ag teastáil i réimse na hinbhuanaitheachta, is é sin raidhse ceannairí sa saol.

An tOll. Pól Ó Dochartaigh, PhD, DLitt, MRIA, Uachtarán Ionaid agus Meabhránaí, Cathaoirleach, Bord Comhairleach CUSP.

Achoimre Feidhmiúcháin

Tuigean OÉ Gaillimh go bhfuil todhchaí an chine dhaonna faoi bhagairt ag idirghníomhaíochtaí neamh-inbhuanaithe idir ár bpobail, ár ngeilleagair agus an comhshaol. Táimid ar aistear chun an t-aistriú i dtreo todhchaí inbhuanaithe a threorú. Sheolamar ár gcéad straitéis inbhuanaitheachta i mí na Samhna 2017. Leagtar amach fíis uailmhianach i Straitéis Inbhuanaitheachta OÉ Gaillimh, 2017-2020 chun an Ollscoil a chur chun cinn mar champas den scoth atá glas, cliste agus folláin. Tá dul chun cinn suntasach bainte amach againn le trí bliana anuas agus tá tionchar ár ngníomhartha le brath cheana féin i nGaillimh agus ar fud an domhain. Cé go bhfuil misneach agus spreagadh le brath as a bhfuil bainte amach againn go dtí seo, anois agus deireadh 2020 ag druidim linn, ní mór dúinn féachaint ar an am atá le teacht, as seo go ceann deich mbliana, agus pleanáil le haghaidh rath níos mó a bhaint amach ná mar a bhí leagtha amach sa chéad straitéis.

Mar ollscoil dhátheangach, aithníonn OÉ Gaillimh an nasc domhain idir daoine agus áit, in Éirinn agus ar fud na cruinne. Tuigimid go bhfuil teanga riachtanach chun eolas ar ár dtimpeallacht agus inbhuanaitheacht a chruthú, agus an t-eolas sin a chur in iúl do dhaoine eile. Aithnímid go léiríonn cultúir éagsúla teanga feiniméin chomhshaoil a d'fhanfadh i bhfolach murach sin. Tá sé riachtanach tuiscint ar éagsúlacht teanga agus chultúrtha a chur san áireamh chun tuiscint a fháil ar ár n-oidhreacht chomhshaoil agus chun cabhrú linn todhchaí phláinéadach roinnte agus inbhuanaithe a athfhoirmliú.

Táimid mar phobal ollscoile tiomanta go mór don inbhuanaitheacht; tá *inbhuanaitheacht* ar cheann dár gceithre luach lárnacha. Ar leibhéal institiúideach, tá inbhuanaitheacht ina príomhghné dár bPlean Straitéisigh nua: *Fís Roinnte, Múnlaith ag Luachanna* agus shinigh OÉ Gaillimh an SDG Accord. Ina fhianaise sin

agus an tiomantais shoiléir ó cheannaireacht na hOllscoile agus ó phobal níos leithne na hOllscoile, cuirimid ár dara straitéis inbhuanaitheachta in bhur láthair; Straitéis Inbhuanaitheachta OÉ Gaillimh, 2021-2025.

Leagtar amach i Straitéis Inbhuanaitheachta OÉ Gaillimh 2021-2025 ár bhfís agus ár dtiomantas chun cur i bhfeidhm na hinbhuanaitheachta ar fud an champais agus níos faide i gcéin a threorú. Déanfaimid é seo trí inbhuanaitheacht a leabú inár gcultúr, inár bpolasaithe oibríochta agus inár struchtúir rialachais agus trí chumhacht a thabhairt dár bpobail a bheith ina seaimpíní inbhuanaitheachta. Tá an fhís daingnithe san uailmhian a bhaineann le *Fís Roinnte, Múnlaith ag Luachanna* chun an t-aistriú a threorú chuig todhchaí inbhuanaithe ar ár gcampas, inár gcathair agus inár réigiún agus ar fud an domhain. D'fhorbair foireann na Comhpháirtíochta Inbhuanaitheachta

Pobail agus Ollscoile (CUSP) an Straitéis tar éis comhairliúcháin leathan ar fud an champais.

Ag tógáil ar na chéad chéimeanna rathúla, tá an Straitéis bunaithe ar mhúnla 'Foghlaim-Mair-Spreag' a eagraíodh bunaithe ar 6 théama (Taighde agus Foghlaim, Fuinneamh agus Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa, Dúlra agus Éiceachórais, Sláinte agus Folláine, Comhshaol Tógtha agus Rialachas agus Ceannaireacht). I ngach téama tá sraith aidhmeanna, cuspóirí agus spriocanna don chéad chúig bliana acadúla eile. Aithníonn an Straitéis 25 príomhbheart rathúlachta thar na sé théama den tsamhail 'Foghlaim-Mair-Spreag'. Is plean é an Straitéis don tiomantas *Fís Roinnte, Múnlaith ag Luachanna*:

'Agus muid ag tógáil ar obair Chomhpháirtíocht Inbhuanaitheachta an Phobail agus na hOllscoile agus ar a cur chuige i leith na hinbhuanaitheachta 'Foghlaim-Mair-Spreag' i misean na hollscoile trí chéile, a bheith ag síorfhoghlaim fúithi agus a bheith á cur i bhfeidhm, déanfaimid an inbhuanaitheacht a neadú inár gcultúr, ár bpolasaithe oibríocháin agus ár struchtúir rialachais, agus féachfaimid lenár bpobail a chumhachtú chun bheith ina n-eiseamláirí inbhuanaitheachta'.



Tiomantas Oé Gaillimh Don Inbhuanaitheacht

Tag	Beartha rathúlachta	Sprioc 2025
Taighde agus Foghlaim		
TF1	Comhtháthú inbhuanaitheachta ar fud chlár oideachais uile na hollscoile	Faoin mbliain 2023
TF2	Infhaighteacht eispéiris inbhuanaitheachta chomhchuraclaim do gach mac léinn OÉ Gaillimh	Faoin mbliain 2023
TF3	Deiseanna a sholáthar do chách foghlaim faoi inbhuanaitheacht agus a bheith mar chuid den phróiseas athraithe san aistriú go campas inbhuanaithe	Faoin mbliain 2025
TF4	Gníomhaíocht taighde a mhéadú atá ailínithe leis na SDGanna ar fud na gcoláistí agus na n-institiúidí taighde go léir. Bonnline de thionscadail taighde mhaoinithe a leagan síos atá ailínithe leis na SDGanna, le rún ailíniú os cionn 60% a bhaint amach	Ailíniú 60% faoin mbliain 2025
TF5	Ceannaireacht i nuálaíocht agus fiontraíocht inbhuanaitheachta. Bonnline a leagan síos agus clár nuálaíochta agus fiontraíochta inbhuanaitheachta a mhéadú	Faoin mbliain 2025
Fuinneamh agus Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa		
F1	Éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú 45% ó bhliain bhonnline 2005	Faoin mbliain 2025
F2	*Astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 15% bunaithe ar bhonnline 2021 *F2 – Déanfar an sprioc a athbheithniú tar éis an bhonnline agus an mhodheolaíocht do 2021 a fhoilsiú	Faoin mbliain 2025
EN3	20% of electricity to come from renewable sources by 2025	By 2025
Nádúr agus Éiceachórais		
NE1	Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta curtha i bhfeidhm agus monatóireacht air le haghaidh nuashonruithe amach anseo	Ar bhonn leanúnach
NE2	Naisc léirithe idir bainistíocht inbhuanaithe an champais agus taighde ar bhithéagsúlacht an champais. Iarratas ar mhaoiniú le haghaidh gníomhaíochtaí chun bainistíocht inbhuanaithe bithéagsúlachta a thaispeáint don phobal i gcoitinne	Tosú in 2021 agus leanúint ar aghaidh bliain i ndiaidh bliana
NE3	Sínitheoir ar Ná Fág Rian agus na prionsabail atá curtha i bhfeidhm	Faoin mbliain 2022
NE4	Tionscadail phobail chomhfhobartha sa chathair agus sa chontae le príomhpháirtithe	Faoin mbliain 2025

Tag	Beartha rathúlachta	Sprioc 2025
Sláinte agus Folláine		
SF1	An Marc KeepWell a bhaint amach	Le baint amach faoin mbliain 2021
SF2	Stádas an Champais Shláintiúil a bhaint amach	Le baint amach faoin mbliain 2022
SF3	Campas Saor ó Thobac	Le baint amach faoin mbliain 2021
SF4	Leibhéal an óil dhochraigh i measc na mac léinn	Laghdaigh bliain i ndiaidh bliana
An Comhshaol Tógtha		
CT1	Ó bhonnline 2019, laghdaigh an tomhaltas uisce iomlán faoi 10%	Le baint amach faoin mbliain 2025
CT2	Cuir cosc ar earraí plaisteacha aonúsáide ar leith lena n-áirítear coimeádáin pholaistireine do bhia agus do dheochanna. Laghdaigh dramhail bhia (dramhail chistine agus phláta) faoi 50%	Le baint amach faoin mbliain 2021 Le baint amach faoin mbliain 2025
CT3	Lorg carbóin iompair bonnline a leagan síos faoi 2021 agus é a laghdú bliain i ndiaidh bliana	2025
Rialachas agus Ceannaireacht		
RC1	Taispeáin dul chun cinn bliain ar bhliain maidir le gnóhachtáil SDGanna	Feabhsú Bliantúil ar Rangú Times Higher Education maidir le Leas na Sochaí
RC2	Comhpháirtíochtaí éifeachtacha bunaithe le grúpaí pobail chun SDGanna a bhaint amach	Fás leanúnach gach bliain
RC3	Gach saotharlann deimhnithe mar shaotharlann ghlas	Faoin mbliain 2025
RC4	An chéad rátáil STARS a bhaint amach agus rátáil dámhachtana a fheabhsú. Stádas Bharr Glas de chuid an Taisce a choinneáil	Rangú tosaigh STARS faoi 2022 le rátáil dámhachtana feabhsaithe faoi 2025
RC5	Cuimsíonn gach conradh/tairiscint critéir maidir le hábhair ghlasa a cheannach	Faoin mbliain 2021
RC6	Plean a fhorbairt chun bogadh go huailmhianach i dtreo neodracht charbóin	Lorg carbóin a thomhas agus a thuairisciú faoi 2021. Creat a fhorbairt faoi 2023 don ollscoil chun bogadh go huailmhianach i dtreo neodracht charbóin faoi 2030

* Féach Aguisín 1. Conas a chuireann Tiomantas Oé Gaillimh i leith na hInbhuanaitheachta le Príomhghníomhartha atá leagtha amach in Fis i gCoiteann, Múnlaíthe ag Luachanna – Straitéis 2020-2025 a bhaint amach

1. Réamhrá

Tá borradh tagtha faoin inbhuanaitheacht mar chroílúach inár n-ollscoil le roinnt blianta. Sheolamar ár gcéad straitéis inbhuanaitheachta don champas i mí na Samhna 2017 agus fíis againn an ollscoil a bhunú mar champas ceannródaíoch, glas, cliste agus sláintiúil. Agus borradh faoin tacaíocht agus tiomantas ó phobal an champais, tá dul chun cinn suntasach bainte amach againn le trí bliana anuas. I measc cuid de na spriocanna móra a baineadh amach mar thoradh ar an gcéad

oideachais, taighde, ceannaireachta, riaracháin agus rannpháirtíochta.

Tógann ár dara straitéis inbhuanaitheachta, ó 2021 go 2025, ar rath na chéad straitéise agus is plean é chun tiomantas Phlean Straitéiseach OÉ Gaillimh a bhaint amach 'Agus muid ag tógáil ar obair Thionscadail Inbhuanaitheachta an Phobail agus na hOllscoile (CUSP) agus ar a chur chuige ceannasaíocht a thabhairt maidir leis an inbhuanaitheacht san ollscoil

“At NUI Galway, we recognise that our students are the current and future sustainability implementers, leaders, innovators, entrepreneurs and citizens and the Strategy firmly places students at the heart of our sustainability journey.”

straitéis tá: foireann acadúil ag glacadh le hinbhuanaitheacht mar chuid den churaclam; Gradam Campas Glas na hÉireann bronnta orainn mar aitheantas ar an obair a dhéantar ar fud an champais chun inbhuanaitheacht a chur chun cinn i ngach ceann de chúig théama lena n-áirítear fuinneamh, dramhail, uisce, taisteal agus bithéagsúlacht; ag dul thar sprioc Éifeachtúlachta Fuinnimh 2020 na hEarnála Poiblí; an chéad deimhniú Saotharlainne Glaise do shaotharlann san Eoraip; agus tailte an champais a bhainistiú de réir Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí. Le déanaí, tar éis próiseas comhairliúcháin ar fud an champais, cumhdaíodh inbhuanaitheacht i bPlean Straitéiseach OÉ Gaillimh do 2020-2025, *Fís Roinnte, Múnlaíthe ag Luachanna* mar cheann de cheithre phríomhlúach, le deich ngníomh thábhachtacha ghaolmhara luaite le misean na hollscoile. Tá inbhuanaitheacht anois ag croílár ár gcuir chuige straitéisigh in OÉ Gaillimh, mar aon le meas, oscailteacht agus barr feabhais. I mí na Nollag 2019, léirigh an ollscoil a tiomantas don inbhuanaitheacht ar leibhéal institiúideach trí Chomhaontú SDG a shíniú, ag tabhairt tiomantais chun na *Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a leabú inár ngníomhaíochtaí*

trí chéile, a bheith ag síorfhoghlaim fúithi agus a bheith á cur i bhfeidhm, déanfaimid an inbhuanaitheacht a neadú inár gcultúr, ár bpolasaithe oibriúcháin agus ár struchtúir rialachais, agus féachfaimid lenár bpobail a chumhachtú chun bheith ina n-eiseamláir inbhuanaitheachta. Is foireann dheonach ildisciplíneach é CUSP ar a bhfuil níos mó ná 30 mac léinn agus comhalta foirne ó gach cearn den champas mar aon le comhpháirtithe pobail, iad uile ag obair le chéile agus an aidhm choiteann acu an ollscoil a bhunú mar shamhail institiúideach cheannródaíoch don inbhuanaitheacht. Bunaíodh CUSP in 2015, faoi threoir an Leas-Uachtaráin agus Meabhránaí, chun a thaispeáint conas is féidir le hollscoil a bheith ina heiseamláir don aistriú go todhchaí inbhuanaithe. Tá cur i bhfeidhm na hoibre faoi stiúir an Oifigigh Inbhuanaitheachta Pobail agus Ollscoile, a ceapadh in 2019.

Forbraíodh Straitéis Inbhuanaitheachta OÉ Gaillimh, 2021-2025 tar éis comhairliúcháin leathan le mic léinn, leis an bhfoireann agus leis an bpobal i gcoitinne. Tuigimid go bhfuil cohórt láidir d'fhostaithe spreagtha agus díocasacha atá tiomanta áit níos inbhuanaithe a dhéanamh de OÉ Gaillimh. Táimid buíoch


as an ról rithábachtach atá ag an bhfoireann maidir leis na haidhmeanna agus na cuspóirí atá leagtha síos sa straitéis seo a bhaint amach agus rinneamar cumarsáid éifeachtach leis an bhfoireann agus an Straitéis á forbairt againn. Mar phobal ollscoile, aithnímid go dtagann luach na hinbhuanaitheachta go láidir ónár gcuid mac léinn. Tá ár gcuid mac léinn spreagtha agus éilíonn siad gníomh maidir le hinbhuanaitheacht. Mar ollscoil a bhfuil bród uirthi as cáilíochtaí na sofhreagrachta agus as próiseas rannpháirtíochta a chur chun cinn, leag CUSP béim láidir ar ghuth na mac léinn agus an Straitéis á forbairt. Mar shampla, tá mic léinn ina gcuid lárnach de mheitheal CUSP a thugann léargas ar inbhuanaitheacht ó thaobh chumainn na mac léinn, Chomhaltas na Mac Léinn agus na hOibre Deonaí. Cuirtear béim láidir ar fheasacht ar inbhuanaitheacht a chruthú i measc mhic léinn na chéad bhliana atá ag teacht isteach agus ar rannpháirtíocht le mic léinn a choinneáil i rith na bliana le laethanta le téamaí éagsúla, ceardlanna, seisiúin eolais, intéirneachtaí agus imeachtaí. Ag imeachtaí éagsúla le dhá bhliain anuas, d'iarr CUSP ar mhic léinn aiseolas agus smaointe a sholáthar ar inbhuanaitheacht an champais. Fuarthas na mílte freagraí agus an iliomad eolais a thug an-léargas dúinn. In OÉ Gaillimh, aithnímid gurb iad ár gcuid mac léinn na feidhmeoirí, na ceannairí, na nuálaithe, na fiontraithe agus na saoránaigh inbhuanaitheachta san am i láthair agus sa todhchaí, agus cuireann an Straitéis mic léinn i gcoilár ár n-aistir inbhuanaitheachta.

mar eiseamláir don inbhuanaitheacht, le haidhmeanna, cuspóirí agus spriocanna a sheachadadh do na cúig bliana acadúla atá romhainn, faoi shé théama, mar chuid de mhúnla Foghlaim-Mair-Spreag (féach thíos). Cuirfear Tuarascáil Inbhuanaitheachta bhliantúil ar fáil ag tabhairt achoimre ar an dul chun cinn a bheidh déanta i gcomparáid leis na spriocanna a bheidh leagtha amach. Cinnteoidh dea-rialachas agus teagmháil leanúnach le pobal an champais éifeachtach an chuir chuige seo thar chúig bliana.



Leagtar amach sa Straitéis fíis uailmhianach chun ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla agus an campas a fhorbairt

An Múnla 'Foghlaim-Mair-Spreag



2. Ár Naistear — I Dtreo Na — Hinhuanaitheachta



Fís

Beidh OÉ Gaillimh chun tosaigh san aistriú go todhcháí inbhuanaithe. Déanfaimid inbhuanaitheacht a leabú inár gcultúr, inár bpolasaithe oibríochta agus inár struchtúir rialachais. Mar ollscoil dhátheangach, aithnímid go bhfuil sé riachtanach tacú le héagsúlacht teanga agus chultúrtha chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach. Tabharfaimid cumhacht dár bpobail a bheith ina seaimpíní inbhuanaitheachta.



Misean: Foghlaim-Mair-Spreag

Agus muid ag cur le hobair CUSP, déanfaimid inbhuanaitheacht a fhoghlaim, a ghlacadh chugainn gach lá agus a spreagadh i ndáil le misean na hollscoile. Is í an bhéim a bhaineann le foghlaim leanúint le litearthacht inbhuanaitheachta a leabú i ngach gné d'fhoghlaim agus de thaighde na hOllscoile, is í an bhéim a bhaineann le mair prionsabail na hinhuanaitheachta a chur i bhfeidhm ar fud oibríochtaí an champais agus gníomhaíochtaí rannpháirtíochta; maidir le spreag is éard atá i gceist ról lárnach agus claochlaitheach a imirt chun na SDGanna a bhaint amach faoi 2030. Tá ár misean bunaithe ar shé théama: Taighde agus Foghlaim, Fuinneamh agus Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa, Dúlra agus Éiceachórais, Sláinte agus Folláine, Timpeallacht Thógtha, agus Ceannaireacht agus Rialachas.



Luachanna

Tá ceithre chroílúach na hOllscoile mar bhonn agus taca leis an Straitéis seo:

- **Meas** – Meas ar dhaoine, ar ár gcuspóir, ar ár n-áit agus ar ár bpláinéad.
- **Barr feabhais** – Freastalaímid ar ár réigiún, ár mic léinn agus ár sochaí ar an gcaoi is fearr trínár gcaighdeáin arda i dtaighde, teagasc, tacaíocht agus rannpháirtíocht.
- **Oscailteacht** – Táimid oscailte don domhan, don éagsúlacht chultúrtha agus teanga. Téimid amach freisin ag lorg comhoibriú taighde nua agus níos doimhne, smaointe nua, comhpháirtíochtaí nua agus bealaí nua chun caidreamh a bhunú.
- **Inbhuanaitheacht** – Is mór againn ár ról mar ollscoil ag cothú ár bpobail agus an chéad ghlúin eile de shaoránaigh agus d'eolas dár gcuid mac léinn agus dár sochaí.

Thairis sin, beidh obair na Straitéise seo mealltach, iomlánaíoch agus uilechuimsitheach; beidh mic léinn agus comhaltaí foirne i gcroílár an turais inbhuanaitheachta.



Taighde & Foghlaim

3. Taighde & Foghlaim

In OÉ Gaillimh, tuigimid an ról lárnach atá ag ár ngníomhaíochtaí teagaisc agus taighde i bhforbairt an chéad ghlúin eile de mhic léinn, taighdeoirí agus nuálaithe chun dul i ngleic le dúshlán forbartha inbhuanaithe na sochaí. Mar ollscoil atá dírithe ar thaighde lena mbaineann gné dhomhanda, tacaíonn OÉ Gaillimh le líon mór ionad taighde idirdhisceplineach a bhaineann go díreach le hinbhuanaitheacht agus leis an gcomhshaol. Tuigimid nach féidir fadhbanna an domhain a réiteach ó pheirspictíocht amháin agus leanfaimid orainn ag dearbhú an tábhacht a bhaineann le hidirdhisceplineacht, trasdisciplín agus tardhisceplín maidir le tionchar a sheachadadh. Tríd ár dteagasc agus ár bhfoghlaim, is féidir linn an t-eolas, na scileanna, an spéis agus an spreagadh riachtanach a sholáthar do mhic léinn chun na SDGanna a thuiscint agus aghaidh a thabhairt orthu. Trínár gcuid taighde, is féidir linn eolas, réitigh, bealaí agus teicneolaíochtaí a thairiscint chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán inbhuanaitheachta.

Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta againn le cúpla bliain anuas maidir le litearthacht inbhuanaitheachta a leabú i gcleachtas na hOllscoile, tuigimid go bhfuil go leor nach mór a chur i gcrích má táimid

chun na gealltanais a cuireadh in iúl i bPlean Straitéiseach OÉ Gaillimh *Fís Roinnte, Múnlaíthe ag Luachanna 'cáil dhomhanda a bheith orainn as ár ngníomhaíochtaí teagaisc agus taighde a fhorbraíonn ár gcéimithe mar cheannairí inbhuanaitheachta sa todhchaí in Éirinn agus ar fud an domhain'* a chomhlíonadh.

Sna cúig bliana atá le teacht, féachfaimid le cultúr teagaisc agus foghlama na hOllscoile a athrú ionas go mbeidh inbhuanaitheacht ina cuid lárnach dár gcuspóirí foghlama mac léinn agus go rachaidh na mic léinn, an fhoireann agus na príomhpháirtithe leasmhara go léir i ngleic le hinbhuanaitheacht mar chroíluch na hinstiúide. Agus an creat SDG á úsáid againn mar threoirphlean, déanfaimid fócas ár gcuid taighde agus nuálaíochta a ghéarú sna cúig bliana amach romhainn agus féachfaimid le taighde a dhéanamh atá réabhlóideach ina thionchar dearfach sochaíoch. Mar shinitheoir don Chomhaontú SDG, táimid tiomanta inbhuanaitheacht a leabú inár n-oideachas agus inár dtaighde agus aithnímid go bhfuil sé de fhreagracht orainn ról lárnach agus bunathraitheach a imirt i seachadadh na SDGanna.



Aidhm Straitéiseach

Agus SDGanna na Náisiún Aontaithe á n-úsáid againn mar chreat, déanfaimid an chéad ghlúin eile mac léinn, taighdeoirí agus nuálaithe a fhorbairt trínár ngníomhaíochtaí teagaisc agus taighde chun dul i ngleic le dúshlán forbartha inbhuanaithe na sochaí. Beidh an inbhuanaitheacht chun cinn inár bhfoghlaim, inár dtaighde agus in eispéreas na mac léinn ionas gur féidir le daoine aonair i measc phobal an champais an t-eolas agus na scileanna atá de dhíth a ghnóthú chun bheith ina n-eiseamláirí agus ina gceannairí inbhuanaitheachta.

Cuspóirí

- Líon na gclár a sholáthraíonn ábhar inbhuanaitheachta a thomhas agus a mhéadú ag leibhéal fochéime agus iarchéime.
- Mapáil agus monatóireacht a dhéanamh ar litearthacht inbhuanaitheachta; an Sulitest a phiolótú mar mhodh féideartha chun litearthacht inbhuanaitheachta a thomhas agus a fheabhsú.
- Cur i bhfeidhm sraith uirlisí agus acmhainní foghlama a thiomsú agus a spreagadh chun tuiscint ar inbhuanaitheacht agus athrú aeráide a fheabhsú e.g. Insamhlóir Réitigh Aeráide En-Roads.
- Oibriú le coláistí, scoileanna, disciplíní agus aonaid chun líonra seaimpíní curaclaim inbhuanaitheachta a aithint a thacóidh le comhaltaí foirne acadúla, úinéirí modúl agus stiúthóirí clár ar fud scoileanna agus coláistí chun cuspóirí foghlama a athbhreithniú agus inbhuanaitheacht a chomhtháthú ar fud chlár oideachais na hOllscoile.
- Oibriú le mic léinn chun rannpháirtíocht ollscoile a dhéanamh níos inrochtana agus níos inacmhainne dóibh lena chinntiú go bhfuil oideachas agus eispéiris inbhuanaitheachta ar fáil ag gach leibhéal ioncaim.
- Inbhuanaitheacht a leabú ar fud eispéireas iomlán na mac léinn lena n-áirítear céim earcaíochta mac léinn, ionduchtú na mac léinn nua, gníomhaíochtaí agus an saol ar an gcampas (e.g. Comhaltas na Mac Léinn, clubanna, cumainn, for-rochtain).
- Deiseanna ceannaireachta inbhuanaitheachta mac léinn ar an gcampas a fhorbairt e.g. dámhachtainí institiúideacha agus tionscadail taispeántóirí faoi stiúir mac léinn.
- Oibriú i gcomhar leis an Tionscnamh Eolais Pobail (CKI) chun eispéiris chomhchuraclaim a fhorbairt agus a thomhas a bhaineann cuspóirí foghlama inbhuanaitheachta amach agus a thacaíonn le heagraíochtaí mac léinn, clubanna, cumainn agus imeachtaí atá dírithe ar inbhuanaitheacht.
- Inbhuanaitheacht a ionchorprú mar chuid d'earcaíocht fostaithe, ionduchtú foirne, oiliúint agus forbairt ghairmiúil.
- Ceardlanna inbhuanaitheachta, laethanta feasachta, imeachtaí rannpháirtíochta, seimineáir agus turais a thairiscint do mhic léinn, don fhoireann agus don phobal i gcoitinne.
- Tionscadail taighde atá ailínithe leis na SDGanna a mhapáil, a thomhas agus a mhéadú.
- Comhoibriú agus rannpháirtíocht idirdisciplíneach, trasdisciplíneach agus tardisciplíneach a chur chun cinn mar spreagóirí teagaisc agus taighde inbhuanaitheachta, mar shampla, tríd an tionscadal ASPIRE: Céimithe na Chéad Ghlúine Eile.
- Dul i dteagmháil le comhpháirtithe go háitiúil, go náisiúnta agus go domhanda agus a bheith chun tosaigh ar fud an domhain i dtaighde agus nuálaíocht a thugann aghaidh ar na SDGanna. Cur chuige comhchruthaitheach a ghlacadh trí oibriú le heagraíochtaí sa phobal i gcoitinne a chuimsíonn inbhuanaitheacht.
- Caidrimh spriocdhírthe a fhorbairt le hollscoileanna i dtíortha ar ioncam íseal agus meánioncaim atá dírithe ar inbhuanaitheacht agus scoláireachtaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht a chruthú do mhic léinn ó thíortha ar ioncam íseal agus meánioncaim.
- Clár nuálaíochta agus fiontraíochta a leathnú a chuireann ar chumas ár ndámh, ár gcomhaltaí foirne agus ár gcuid mac léinn tionchar a imirt go hinbhuanaithe agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn laistigh de róil cheannaireachta.



Grianghraf: Dr Chaosheng Zhang

Tag	Bearta rathúlachta	Spríoc	Úinéir
Taighde agus Foghlaim			
TF1	Comhtháthú inbhuanaitheachta ar fud chlár oideachais uile na hollscoile	Faoin mbliain 2023	CUSP, T&F
TF2	Infhaighteacht eispéiris inbhuanaitheachta comhchuraclaim do gach mac léinn OÉ Gaillimh	Faoin mbliain 2023	CUSP, T&F, CKI, ASPIRE
TF3	Deiseanna a sholáthar do chách foghlaim faoi inbhuanaitheacht agus a bheith mar chuid den phróiseas athraithe san aistriú go campas inbhuanaithe	Faoin mbliain 2025	CUSP, T&F
TF4	Gníomhaíocht taighde a mhéadú atá ailínithe leis na SDGanna ar fud na gcoláistí agus na n-institiúidí taighde go léir. Bunlíne de thionscadail taighde mhaoinithe a bhunú atá ailínithe leis na SDGanna, le rún ailíniú os cionn 60% a bhaint amach	Ailíniú 60% faoin mbliain 2025	CUSP, T&F, An Oifig Taighde
TF5	Ceannaireacht i nuálaíocht agus fiontraíocht inbhuanaitheachta. Bonnline a leagan síos agus clár nuálaíochta agus fiontraíochta inbhuanaitheachta a mhéadú	Faoin mbliain 2025	CUSP, T&F, ASPIRE



Fuinneamh & Astaíochtaí Gás Ceaptha

4. Fuinneamh & Astaíochtaí Gás Ceaptha

In OÉ Gaillimh, aithnímid an bhagairt thromchúiseach a bhaineann le hathrú aeráide maidir lenár sláinte agus todhchaí ár bpláinéid agus an gá práinneach atá leis an tsochaí aistriú go todhchaí ísealcharbóin. Tá a fhios againn go dteastaíonn cur chuige fíor-chomhoibritheach ar fud na sochaí chun dul i ngleic le dúshlán chomh mór le hathrú aeráide. Táimid tiomanta ár gcuid a dhéanamh chun ár n-astaíochtaí a laghdú agus gníomhú mar eiseamláir dea-chleachtas chun aistriú níos leithne a threorú. Sna cúig bliana amach romhainn, leanfaimid orainn ag cur ceannaireacht agus fis chun cinn, ag leagan síos spriocanna uailmhianacha dúinn féin i réimse an fhuinnimh inbhuanaithe agus an mhaolaithe carbóin. Déanfaimid an-iarracht fuinneamh a laghdú i bhfoirgnimh nua agus athchóirithe agus trealamh agus teicneolaíochtaí coigilte fuinnimh a cheannach. Déanfaimid an soláthar fuinnimh a éagsúlú trí infheistíocht a dhéanamh i bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite agus trí choigilteas costais fuinnimh a athinfheistiú i dteicneolaíochtaí inbhuanaitheachta nua agus

trí rannpháirtíocht le háititheoirí foirgneamh a bhfuil an chumhacht acu ár bhfoirgnimh a dhéanamh níos tiosaí ar fhuinneamh. Táimid tiomanta do thuirisciú inbhuanaitheachta níos cuimsithí agus beimid chun tosaigh maidir le lorg carbóin a thomhas agus a thuirisciú. Tá sé mar aidhm againn na tiomantais seo a chomhlíonadh tríd an gcoincheap maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus maolú carbóin a chur chun cinn ag gach leibhéal san eagraíocht idir mhic léinn agus lucht acadúil, fhoireann riaracháin agus chonraitheoirí.

Meastar go dtógfaidh na haidhmeanna agus na cuspóirí atá leagtar amach sa straitéis ar dhul chun cinn na hollscoile le 10 mbliana anuas maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, foirgnimh atá tiosaich ar fhuinneamh a dhearadh, aistriú chuig foinsí fuinnimh in-athnuaite agus an campas a úsáid mar eiseamláir don inbhuanaitheacht sa phobal i gcoitinne.



Aidhm Straitéiseach

Agus forbairt á déanamh againn ar a bhfuil bainte amach cheana féin, sáróimid na spriocanna atá leagtha amach i gclár Éifeachtacht Fuinnimh na hEarnála Poiblí agus glacfaimid ról ceannaireachta san earnáil trí thaispeántas tionscadail, rannpháirtíocht leis an bpobal agus comhoibriú le húsáideoirí fuinnimh ar ár gcampais trí chéile. Glacfaimid le teicneolaíochtaí iontaofa nua chun cur le héifeachtacht fuinnimh ár bhfoirgneamh agus lenár Rátáil Fuinnimh Foirgnimh trí inbhuanaitheacht a chomhtháthú i bpleanáil agus i bhforbairt uile Oifig na bhFoirgneamh agus na nEastát faoi choimirce an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide. Forbróimid conair chun bogadh go huailmhianach i dtreo a bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoin mbliain 2030.

Cuspóirí

- Éifeachtúlacht Fuinnimh a fheabhsú 45% faoi 2025, bunaithe ar bhliain bhonnlíne 2005, ag aithint gurb é Sprioc an Phlean Gníomhaíochta Aeráide éifeachtúlacht fuinnimh fhoirgnimh na hEarnála Poiblí a fheabhsú faoi 50% faoin mbliain 2030. Bainfear é seo amach trí threalamh agus teicneolaíochtaí coigilte fuinnimh a shuiteáil (e.g. soilsíú LED, Painéil Fhótavoltacha Gréine (PV), Caidéil Teasa Leictreacha) agus uasghrádú creatlaí a dhéanamh ar fhoirgnimh atá ann cheana – cur chuige ar éirigh go maith leis cheana féin ar champas OÉ Gaillimh.
- Astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 15% faoin mbliain 2025 bunaithe ar bhliain bhonnlíne 2021.
- 20% den leictreachas le teacht ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2025.
- Ár lorg carbóin bonnlíne a chinneadh agus plean a fhorbairt chun bogadh go huailmhianach i dtreo neodracht charbóin, faoi 2030, le laghdú 15% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa Scóip 1 agus Scóip 2 faoi 2025 agus laghdú 10% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa Scóip 3 faoi 2025.
- Teastais Fuinnimh Taispeána (DEC) cothrom le dáta a thaispeáint i ngach foirgneamh faoi 2025.
- Clár uailmhianach rannpháirtíochta gníomhaí a dhearadh agus a chur i bhfeidhm i measc phobal iomlán an champais a dhíríonn ar laghdú fuinnimh inár bhfoirgnimh agus a úsáideann an campas mar shaotharlann bheo le haghaidh inbhuanaitheachta. Leas a bhaint as tacaíocht Seaimpíní Fuinnimh, abhcóidí mac léinn (e.g. baill den Chumann Fuinnimh) agus Grúpaí Oibre Fuinnimh chun athrú iompraíochta a chur i bhfeidhm.
- A bheith inár gceannaire taighde i bhforbairt teicneolaíochtaí coigilte fuinnimh agus teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite trí thionscadail phiolótacha leis an Údarás um Ard-Oideachas (HEA) agus le hÚdarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (SEAI).
- Páirt a ghlacadh i gcomhpháirtíochtaí le grúpaí fiontair agus pobail a bhfuil mar aidhm acu feabhas a chur ar úsáid acmhainní agus tionchar aeráide laghdaithe. Tógáil pobail a chur chun cinn trí chur chuige comhpháirtíochta ina roinntear acmhainní agus saineolas an champais leis an bpobal áitiúil agus leis an bpobal i gcoitinne.



Tag	Bearta rathúlachta	Sprioc	Úinéir
Fuinneamh agus Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa			
F1	Éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú 45% ó bhliain bhonnlíne 2005	2025	Foirgnimh & Eastáit
F2	*Astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 15% bunaithe ar bhliain bhonnlíne 2021 *F2 – Déanfar an sprioc a athbhreithniú tar éis an bhonnlíne agus an mhodheolaíocht do 2021 a fhoilsiú	2025	Foirgnimh & Eastáit
F3	20% den leictreachas le teacht ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2025	2025	Foirgnimh & Eastáit



Nádúr & Éiceachórais

5. Nádúr & Éiceachórais

In OÉ Gaillimh, aithnímid gurb iad na héiceachórais shláintiúla agus bhithéagsúla bunús na beatha ar an bpláinéad seo. Tuigimid go hiomlán go mbímid ag brath ar an dúlra chun ár ngeilleagair, ár ngairmeacha beatha, slándáil bia, sláinte agus caighdeán na beatha a chothú. Tuairiscíonn an tArdán Idir-Rialtasach Polasaí Eolaíochta ar Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais (IPBES) go bhfuil thart ar 1 mhilliún speiceas ainmhithe agus plandaí i mbaol a ndíothaithe. Tá roinnt ann atá a rá gurb é seo an tAga Antrapaiceineach, agus is ann don tonn nua díothaithe seo den chuid is mó mar gheall ar ár dtionchar daonna ar an domhan nádúrtha. Nuair a chailltear éiceachórais agus bithéagsúlacht, is muid féin atá thíos leis. Cuirtear an nasc idir daoine agus an dúlra, agus an talamh in iúl i nGaeilge agus go leor teangacha mionlaigh eile. Úsáidimid bealaí éagsúla lena n-áirítear an teanga chun ár gcuid a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar cheann de na dúshláin inbhuanaitheachta is mó lenár linn.

Tá meas ag OÉ Gaillimh ar thailte ár gcampais bithéagsúil agus is sínitheoir muid ar Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí. Táimid tiomanta ar bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta

a chur i bhfeidhm, pleanáil éiceolaíoch do bhithéagsúlacht fheabhsaithe, tairbhí na hidirghníomhaíochta leis an dúlra a chur chun cinn agus an campas a fhorbairt agus a roinnt mar acmhainn oideachais agus dúlra. Tá maoirseacht éiceolaíoch follasach i bPlean Straitéiseach na hOllscoile. Táimid tiomanta do shaoránacht mhaith agus inbhuanaitheacht áitiúil, réigiúnach agus dhomhanda; do bhainistíocht íogair ár dtailte bithéagsúla agus chun bheith ina eiseamláir i dtaighde agus i bhfoghlaim a bhaineann le bithéagsúlacht. Aithnímid an tsineirge idir an Dúlra agus na hÉiceachórais agus réimsí eile den Straitéis Inbhuanaitheachta; mar shampla, trí phlandáil do dhaoine agus do phailneoirí, agus tríd an gcaoi a mbainistimid tailte ár gcampais, cruthaímid Timpeallacht Thógtha níos glaise, cuirimid chun cinn na tairbhí Sláinte agus Folláine a bhaineann le hidirghníomhú leis an dúlra agus glacaimid lenár dtiomantas sa phlean straitéiseach a bheith ina eiseamláir i dTaighde agus i bhFoghlaim faoi bhithéagsúlacht agus tacú le heispéiris inbhuanaitheachta comhchuraclaim dár gcuid mac léinn go léir.



Aidhm Straitéiseach

A bheith mar eiseamláir dár dtionchar dearfach ar an gcomhshaol. Leanúint ar aghaidh ag feabhsú an chaoi a ndéanaimid ár dtimpeallacht champais a bhainistiú ar bhealaí atá íogaireach dár n-éiceachórais, agus a thagann lenár mianta a bheith inár n-eiseamláir i ndáil le taighde agus teagasc na bithéagsúlachta.

Cuspóirí

- Leanfaimid ar aghaidh a bheith mar cheannródaí sa chaoi a gcuirimid soláthar inbhuanaithe, pleanáil, ábhair agus cleachtais i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfanann an campas bithéagsúil, sábháilte agus sláintiúil. Áirítear leis seo, mar shampla, ár dtalamh féaraigh, bogaigh, coilleannacha agus crainn a bhainistiú chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach a chinntiú do gach gnáthóg den sórt sin.
- Cur le hobair shuirbhéireachta chun suíomhanna bithéagsúlachta ar an gcampas a aithint, a mhapaíl agus a fheabhsú.
- Ár bpleananna pailneora agus gníomhaíochta bithéagsúlachta a chur i bhfeidhm agus a thabhairt cothrom le dáta.
- Tógáil ar an bplandáil atá againn faoi láthair de chrainn agus toir a tháirgeann bia d'fhonn cosáin bhuantalmhaíochta a fhorbairt ar fud an champais.
- Iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú chun tiomantais a chur i bhfeidhm laistigh den phlean pailneora agus den phlean gníomhaíochta bithéagsúlachta (e.g. seomra ranga lasmuigh agus comharthaíocht).
- Leanúint ar aghaidh ag úsáid an champais agus ár stáisiúin taighde níos leithne mar shaotharlann bheo, agus taighde a úsáid chun cleachtais bhainistíochta/bhithéagsúlachta a threorú; mar shampla, bainistíocht ghnáthóige don fhiadhúlra (lena n-áirítear pailneoirí), cóireáil agus rialú speiceas ionrach, agus dramhaíl bhia a atreorú chuig múiriniú/dileá anaeróbach agus soilsiú bith-chomhoiriúnach lasmuigh (solas íseal gorm, láidreacht níos ísle, dírithe go hiomlán síos).
- Leanúint ar aghaidh ag comhoibriú le daoine eile chun torthaí ár dtaighde a chur ar fáil agus na buntáistí a bhaineann lenár gcur chuige maidir le bithéagsúlacht ar an gcampas a chur chun cinn, taighde a dhéanamh uirthi, í a bhainistiú agus a fheabhsú don phobal i gcoitinne, lena n-áirítear institiúidí tríú leibhéal eile.

- Feasacht agus tuiscint ar an gcampas agus sa phobal níos leithne a mhéadú ar bhithéagsúlacht as a luach intreach, as sláinte an éiceachórais agus as sláinte agus folláine phearsanta. Clárú leis an éiteas Ná Fág Rian agus é a spreagadh sa phlé ar bhithéagsúlacht agus ar fud an champais.
- An teagasc lasmuigh a leabú in eispéireas foghlama ár gcuid mac léinn, foirne agus an phobail i gcoitinne. Trí choistí Teagaisc agus Foghlama, úsáid ranganna agus saotharlann lasmuigh ar campas OÉ Gaillimh a chur chun cinn agus ár stáisiúin taighde allamuigh a áireamh (mar shampla Ceann Mhása, an Carn, Fionaigh Bheara, Carna).
- An fhoireann, na mic léinn agus an pobal i gcoitinne a mhealladh le bithéagsúlacht an champais trí ghníomhaíochtaí a eagrú ag an am céanna le hearcaíocht, seisiúin eolais, ionductú agus imeachtaí eagraithe eile.
- Leanúint ar aghaidh ag cur suíocháin inbhuanaithe ar fáil lasmuigh; ag aithint go dtugann spásanna suí lasmuigh deis do dhaoine ceangal leis an domhan nádúrtha agus níos mó ama a chaitheamh sa nádúr.
- Suirbhé bithéagsúlachta a úsáid leis an bpobal i gcoitinne chun gníomhaíochtaí a chomhfhorbairt chun bithéagsúlacht a fheabhsú san áit a bhfuil cónaí orainn, agus san áit a mbímid ag staidéar, ag obair agus ag ligean scithe.
- Naisc dhúlra ó campas OÉ Gaillimh a rianú agus a spreagadh i dtreo Bhoirinn, Chonamara, agus chúlchríoch na Coiribe, lena n-áirítear Glasbhealach Chonamara, i gcomhar le comhpháirtithe pobail.
- Oibriú le comhlachtaí náisiúnta, údarais áitiúla agus réigiúnacha, eagraíochtaí sochaí sibhialta agus cathartha na cathrach agus an chontae, lena n-áirítear, mar shampla, Líonra Comhshaoil na Gaillimhe, Páirc Chathrach Náisiúnta do Ghailimh agus Uisceadán na Gaillimhe, chun cabhrú le Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chathair na Gaillimhe a chur i bhfeidhm.
- Pleananna bithéagsúlachta cósta agus mara a chomhfhorbairt le príomhpháirtithe pobail, leis an gcampas agus leis an bpobal i gcoitinne chun taighde, foghlaim agus caomhnú litearthachta aigéin a áireamh.

“Aithnímid gurb iad na héiceachórais shláintiúla agus bhithéagsúla bunús na beatha ar an bpláinéad seo”



Tag	Bearta rathúlachta	Sprioc	Úinéir
Nádúr agus Éiceachórais			
NÉ1	Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta curtha i bhfeidhm agus monatóireacht á déanamh air le haghaidh nuashonruithe amach anseo	Ar bhonn leanúnach	CUSP, N&É
NÉ2	Naisc léirithe idir bainistíocht inbhuanaithe an champais agus taighde ar bhithéagsúlacht an champais. Buntáiste a bhaint as deiseanna maoinithe gníomhaíochtaí a léiríonn bainistíocht inbhuanaithe bithéagsúlachta don phobal i gcoitinne.	Tosú in 2021 agus leanúint ar aghaidh bliain i ndiaidh bliana	CUSP, N&É
NÉ3	Síntitheoir ar Ná Fág Rian agus na prionsabail atá curtha i bhfeidhm.	By 2022	CUSP, N&É
NÉ4	Tionscadail phobail chomhfhorbairt sa chathair agus sa chontae le príomhpháirtithe.	Faoi mbliain 2025	CUSP, N&É



Sláinte & Folláine

6. Sláinte & Folláine

In OÉ Gaillimh, tuigimid go bhfuil dlúthnasc idir sláinte agus forbairt inbhuanaithe. Tá sé mar aidhm ag forbairt inbhuanaithe timpeallachtaí, sochaithe agus geilleagair a fheabhsaíonn sláinte a chothú; déanann raon leathan tionchair shóisialta, chomhshaoil agus eacnamaíocha sláinte a chinneadh. Braitheann inbhuanaitheacht agus beogacht ar nOllscoile ar shláinte ár ndaoine, agus a mhalairt. Mar chomhpháirtí tacaíochta don tionscnamh Éire Shláintiúil¹, glacaimid dearcadh iomlánaíoch i leith na sláinte. Táimid tiomanta cabhrú lenár bpobail folláine iomlán fhisiceach, shóisialta, ghnéasach agus mheabhrach a bhaint amach trí chlár uailmhianach de chuspóirí sláinte agus folláine a chur i bhfeidhm, eagraithe timpeall ar cheithre réimse (rialachas & ceannaireacht, folláine choirp, folláine mheabhrach agus folláine shóisialta). Tá cuspóirí á dtiomáint ag creat cuimsitheach a chuireann sláinte chun cinn le tacaíocht ó phrionsabail i leith polasaí a fhorbairt, timpeallachtaí tacúla a chruthú, scileanna a fhorbairt, seirbhísí a athdhíriú agus gníomhaíocht an phobail a neartú. Trí chur chuige uile-ollscoile a ghlacadh, féachaimid le sláinte agus folláine na foirne, na dáimhe agus na mac léinn a chaitheann tréimhse shuntasach ama inár gcúram a fheabhsú, chomh maith lena dteaghlach agus an pobal níos leithne ina bhfuil an ollscoil lonnaithe.

Táimid tiomanta straitéisí a chuireann forbairt inbhuanaithe chun cinn a nascadh agus a

chomhtháthú leo siúd a chuireann sláinte chun cinn. Mar shampla, aithnímid trí fhorais bhithéagsúla a fhorbairt, go gcruthaimid acmhainn sláinte agus folláine is féidir a úsáid chun strus a laghdú, chun bheith in ann déileáil le strus agus chun folláine choirp agus mheabhrach a fheabhsú. Tá a fhios againn go mbíonn daoine níos sona agus níos spreagtha chun bheith níos gníomhaí go fisiceach má bhíonn ceangal acu leis an dúlra. Níos mó fuinneamh glan a bheith ar fáil, deiseanna a sholáthar d'iompar gníomhach, bealaí a aimsiú chun dramhail a laghdú agus deireadh a chur le plaistigh aonúsáide, rochtain éasca a aimsiú ar uisce glan le hól, roghanna bia sláintiúla, sábháilte agus inbhuanaithe a sholáthar, agus deiseanna a chruthú do ghníomhaíocht choirp, bíonn tionchar dearfach acu seo ar fad ar ár sláinte agus ár bhfolláine, ar leibhéal an phobail agus an duine aonair araon.

Ar leibhéal domhanda, tá a fhios againn go bhfuil áit lárnach ag an tsláinte sna SDGanna, áit a bhfuil baint dhíreach ag na haidhmeanna go léir le sláinte nó ina gcuireann siad le sláinte go hindíreach. Aithnítear sna haidhmeanna go mbraitheann ár rathúnas sa todhchaí ar shláinte an duine, ar shláinte an phláinéid agus éiceolaíoch agus ar dhomhan inmharthana.



Aidhm Straitéiseach

Trí chur chuige uile-ollscoile a úsáid, feabhas a chur ar shláinte agus ar fholláine na mac léinn agus na foirne atá ina gcónaí, ag foghlaim, ag obair agus ag imirt inár bpobal trí chabhrú leo sláinte agus folláine choirp, shóisialta, ghnéasach agus mheabhrach iomlán a bhaint amach.

Cuspóirí

Rialachas & Ceannaireacht

- Grúpa stiúrtha sláinte agus folláine a chruthú le ballraíocht leathan ó gach cearn de phobal na hOllscoile (mic léinn agus comhaltai foirne) chun iarrachtaí sláinte agus folláine a ghríosadh agus a fhorbairt faoi chreat eagrúcháin ildisciplíneach.
- Bonnline de ghníomhaíochtaí reatha a bhaineann le sláinte agus folláine ar an gcampas a aithint agus a bhunú, agus iad a fhorbairt chun sláinte agus folláine a fheabhsú ar fud na hOllscoile.
- Cairt/Creat Campais Shláintiúil a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- Cultúr Campais Shláintiúil a leabú sa rialachas, sna hoibríochtaí struchtúir straitéise agus san fhor-rochtain.
- 'Stádas Campais Shláintiúil' a bhaint amach trí thimpeallacht foghlama agus cultúr eagraíochtúil a chruthú a fheabhsaíonn folláine mheabhrach, fhisiciúil agus shóisialta phobal an champais, ag cur ar chumas ár ndaoine a lánacmhainneacht a bhaint amach.
- Ag oibriú chun sláinte fhisiciúil, shóisialta, ghnéis agus mheabhrach agus folláine na foirne, na dáimhe agus na mac léinn a chaitheann tréimhse shuntasach ama inár gcúram a fheabhsú, chomh maith lena dteaghlach agus an pobal níos leithne ina bhfuil an ollscoil lonnaithe.
- Cur chuige uile-ollscoile a ghlacadh chun sláinte agus folláine a fheabhsú, ag cinntiú go bhfuil pobail an champais mar atá na mic léinn agus an fhoireann mar aon leis na comhpháirtithe pobail ar an gcampas gníomhach i gcinneadh agus i gcur i bhfeidhm gníomhaíochtaí cur chun cinn sláinte agus folláine.
- Idirghníomhaíochtaí, comhoibríthe agus comhpháirtíochtaí le príomhghníomhaireachtaí seachtracha a neartú, mar shampla Údarás Áitiúla, seirbhísí sláinte, eagraíochtaí pobail agus comhpháirtithe áitiúla.
- An rochtain is leithne agus is féidir a thairiscint ar ár saineolas taighde sláinte agus folláine.

Folláine Fhisiciúil

- Polasaí Itheacháin Shláintiúil agus Maireachtála Gníomhaí OÉ Gaillimh a fhorbairt. Clár suirbhéanna a dhéanamh chun nósanna itheacháin na mac léinn a chinneadh. Bonnlíne a leagan síos agus infhaighteacht roghanna bia sláintiúla, inbhuanaithe (mar shampla, veigeán, veigeatóir, orgánach), a fhaightear go háitiúil, ar phraghas réasúnta agus cóirthrádála in ionaid díolacháin an champais. Iasc a sholáthar ó fhoinsí inbhuanaithe, agus a chinntiú go gcloítear le caighdeán leasa ainmhithe.
- Polasaí ar Úsáid Substantí OÉ Gaillimh a fhorbairt.
- Polasaí maidir le Campas Saor ó Thobac a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- Bonnlíne de leibhéil reatha gníomhaíochta fhisiciúla a aithint agus a leagan síos. Na deiseanna gníomhaíochta fhisiciúla atá ar fáil do phobal an champais agus don phobal i gcoitinne a mhéadú agus a fhorbairt, ag spreagadh gach duine leis na haidhmeanna sláinte nó pearsanta is fearr a bhaint amach trí gníomhaíocht choirp agus spóirt. Líon an phobail campais a ghlacann páirt i gclubanna spóirt ollscoile a mhéadú.
- Stíleanna maireachtála gníomhacha sláintiúla a chur chun cinn trí phatrúin taistil níos inbhuanaithe a bhaint amach.
- Ag baint úsáid as an gClár Náisiúnta Toilithe Ghníomhaigh* a d'fhorbair taighdeoirí agus comhaltai foirne in OÉ Gaillimh le ceardlanna Toiliú Gnéis a chur ar fáil do phobal an champais, de réir an pholasaí Náisiúnta Sláinte Gnéis.

Folláine Mheabhrach

- Straitéis Sláinte Meabhrach OÉ Gaillimh a chur i bhfeidhm, a athbhreithniú agus a nuashonrú.
- Tascfhórsa Sláinte Meabhrach a bhunú ar an gcampas.
- Leanúint ar aghaidh ag cur chun cinn agus ag tacú le sláinte agus folláine ghnéis i measc phobal an champais tríd an bhfreastal ar, agus seachadadh ceardlann agus clár oiliúna chun dul i ngleic le ceisteanna sláinte gnéis agus meabhrach (mar shampla, clár i réimse na sábháilteachta idirlín agus na feasachta cibearbhulaíochta).

- Rannpháirtíocht i gclubanna agus i gcumainn ollscoile a mhéadú, trí chlár leathnaithe aclaíochta agus gníomhaíochta coirp, agus i ngníomhaíochtaí pobail agus for-rochtana níos leithne, mar mheicníochtaí chun sláinte mheabhrach a chur chun cinn agus a fheabhsú.
- A chinntiú go bhfuil sláinte mheabhrach mar thosaíocht i ngach dáimh agus go bhfuil sí mar chuid den churaclam teagaisc, mar shampla, leanúint ar aghaidh ag cur leis an Tionscadal maidir le teacht Aniar na Mac Léinn.

sóisialta trí fhorbairt spásanna sóisialta agus limistéar pobail ar an gcampas a chur chun cinn. Soláthar a dhéanamh do spásanna sóisialta i bhfoirgnimh nua agus i seanfoirgnimh atá á n-athchóiriú.

- Tacú le cóiríocht inacmhainne agus inbhuanaithe ar an gcampas a sholáthar dár gcuid mac léinn, ar aon dul le Plean Straitéiseach OÉ Gaillimh, 2020-2025.
- Sláinte agus folláine ghnéis a chur chun cinn agus tacú leo i measc phobal an champais.
- An Marc KeepWell a bhaint amach; tionscnamh dearfach maidir le hobair foirne.

Folláine Shóisialta

- A chinntiú go bhfuil ár gcuid oibre agus idirghníomhaíochtaí fréamhaithe in iontaobhas, meas agus go dtugtar fúthu le hintinn dhearfach.
- Tosaíocht a thabhairt do dheiseanna do mhic léinn dul i mbun gníomhaíochtaí

¹ Is creat náisiúnta le haghaidh gníomhaíochta é "Éire Shláintiúil" (2013-2025) atá leagtha amach ag an Roinn Sláinte chun sláinte agus folláine mhuintir na hÉireann a fheabhsú. Is í an fhís ná gur féidir le gach duine barr feabhais a bhaint amach maidir le sláinte agus folláine choirp, áit a dtacaítear le folláine ag gach leibhéal den tsochaí agus ina bhfuil freagracht ar gach duine aisti.

Tag	Bearta rathúlachta	Spríoc	Úinéir
Sláinte agus Folláine			
SF1	An Marc KeepWell a bhaint amach	Faoin mbliain 2021	Acmhainní Daonna
SF2	Stádas an Champais Shláintiúil a bhaint amach	Faoin mbliain 2022	Seirbhísí do Mhic Léinn
SF3	Campas Saor ó Thobac	Faoin mbliain 2021	Seirbhísí do Mhic Léinn / Cathair Shláintiúil na Gaillimhe
SF4	Laghdaíodh leibhéal an óil dochraigh i measc na mac léinn	Laghdaigh bliain i ndiaidh bliana	Seirbhísí do Mhic Léinn / Cathair Shláintiúil na Gaillimhe Comhaltas na Mac Léinn



An Timpeallacht Thógtha

7. An Timpeallacht Thógtha

UISCE

In OÉ Gaillimh, táimid tiomanta úsáid éifeachtach agus éifeachtúil a bhaint as acmhainní uisce toisc go n-aithnímid an costas eacnamaíoch agus timpeallachta a bhaineann le huisce glan le hól a sholáthar agus an gá atá leis an soláthar don todhchaí a chosaint. Tá iarrachtaí comhbheartaithe chun tomhaltas uisce a laghdú ag dul ar aghaidh ar fud an champais le breis agus deich mbliana anuas, ó chur i gcrích clár fairsing braite agus deisithe sceite in 2017, go monatóireacht fheabhsaithe, uasghrádú trealaimh agus feachtais athraithe iompraíochta. Sa tréimhse 2007/2008 go 2017/2018 amháin, d'éirigh linn an úsáid uisce, in aghaidh an áititheora, ar an gcampas a laghdú 46%.

Sna cúig bliana amach romhainn, táimid tiomanta na laghduithe seo a choinneáil ar an gcampas agus laghduithe breise a bhaint amach. Leanfaimid orainn ag cur béim ar thábhacht an uisce mar acmhainn chriticiúil theoranta agus gheobhaimid réidh le gach úsáid uisce gan ghá ar an gcampas. Déanfaimid comhaltaí foirne, mic léinn agus cuairteoirí a mhealladh le húsáid fhreagrach a bhaint as uisce ar an gcampas agus mar shampla, spreagfaimid cleachtas freagrach ar úsáid uisce sa phobal i gcoitinne. Leanfaimid orainn ag treorú agus ag cur le taighde uisce ag soláthar réitigh inbhuanaithe áitiúla agus domhanda do bhainistíocht, soláthar agus cóireáil acmhainní uisce. Trí theagasc faoi threoir taighde agus réitigh fheidhmithe ar an gcampas, cinnteoidimid go mbeidh ár ngairmithe uisce sa todhchaí feasach ar na cleachtais inbhuanaithe, is fearr i mbainistíocht, i gcóireáil agus i soláthar acmhainní uisce.



Aidhmeanna Straitéiseacha

Eolas a scaipeadh ar an bhfoireann, ar mhic léinn agus ar chuireoirí maidir le huisce mar acmhainn chriticiúil theoranta nach mór a úsáid go freagrach. Deireadh a chur le gach úsáid uisce gan ghá ar an gcampas, na laghduithe ar úsáid uisce a baineadh amach ar an gcampas sa tréimhse dheireanach a chothú agus a fheabhsú tuilleadh. Deireadh a chur le spleáchas na foirne, na mac léinn agus na gcuireoirí ar phlaistigh aonúsáide le haghaidh tomhaltas uisce.

Cuspóirí

- Uisce a aithint mar acmhainn chriticiúil theoranta trí Pholasáí Uisce OÉ Gaillimh a ghlacadh
- Úsáid uisce i bhfoirgnimh champais a laghdú 10% faoi 2025 ó bhonnline 2019.
- Leanúint leis an gclár chun méadrú uisce agus fomhéadrú a shuiteáil sna foirgnimh is mó atá againn ar an gcampas.
- Leanúint ar aghaidh leis an gclár chun feistí sábhála uisce a shuiteáil i saotharlanna, ceardlanna, cistineacha agus áiseanna leithris ar fud an champais e.g. sconnaí sreafa ísil, leithris déshruhlaithe, rialú ama ar shruthlú úirinéal agus ar chithfholcadáin agus cinn chithfholcadáin le sreabhadh íseal.
- Laghdú ar úsáid uisce a thabhairt isteach mar phríomhchuid de dhearadh tionscadail mar chuid d'fhoirgnimh nua agus athchóirithe. Mar shampla, deiseanna a aithint chun córais uisce báistí a shuiteáil i bhfoirgnimh nua agus i bhfoirgnimh atá á n-athchóiriú, ar aon dul leis an Ráiteas Bunúsach.
- Feasacht na foirne, na mac léinn agus na gcuariteoirí a mhéadú maidir le tábhacht uisce mar acmhainn chriticiúil nach mór a úsáid go freagrach.
- Mic léinn, comhaltaí foirne agus cuairteoirí a bheith páirteach in úsáid fhreagrach uisce agus laghdú ar idiú uisce ag leibhéal an fhoirgnimh agus taobh amuigh de trí eolas faoi idiú uisce a sholáthar agus trí fhiosrú agus aiseolas a lorg.
- Leanúint de bheith i gceannas agus cur le gníomhaíochtaí taighde i mbainistíocht acmhainní uisce, laghdú ar úsáid uisce, soláthar uisce agus cóireáil uisce.
- Eolas agus faisnéis a roinnt leis an bpobal níos leithne faoi chleachtais inbhuanaithe uisce go háitiúil agus go domhanda agus iarracht a dhéanamh, le dea-shampla, úsáid fhreagrach uisce a spreagadh lasmuigh den champas.
- Oibriú leis an bhfoireann, leis na mic léinn agus le cuairteoirí chun fáil réidh le plaistigh aonúsáide le haghaidh tomhaltas uisce trí líonra na dtuibreacha uisce óil a leathnú ar fud an champais.
- Teagasc faoi threoir taighde agus réitigh fheidhmithe ar an gcampas a úsáid chun cleachtas uisce inbhuanaithe a chothú inár nglúnta gairmithe uisce sa todhchaí.

An Timpeallacht Thógtha

DRAMHAÍL

Tá mic léinn, an fhoireann agus an pobal i gcoitinne ag cur níos mó agus níos mó spéise i gcur chuige na hOllscoile i leith dramhaíola. Meastar gur léiriú an-infheicthe ar ár dtiomantas don inbhuanaitheacht an chaoi a mbainistimid ár gcuid dramhaíola. In OÉ Gaillimh, aithnímid an gá atá le dramhaíl a dhearadh agus imeacht ó mhúnlaí líneacha táirgeachta agus tomhaltas – bunaithe ar 'táirgeadh, úsáid agus diúscairt' atá dian ar charbón agus ar acmhainní. Caithfimid straitéis a chur le chéile chun dramhaíl a chosc ag gach deis agus glacadh leis an ngeilleagar ciorclach. Cuid an-tábhachtach don gheilleagar ciorclach is ea éifeachtúlacht acmhainní agus iarrachtaí chun dramhaíl a laghdú. Geallann Plean Straitéiseach OÉ Gaillimh, 2021-2025 plean a fhorbairt chun bogadh go huailmhianach i dtreo neodracht charbóin faoi 2030. Aithnímid go bhfuil sé riachtanach tionscnaimh phraiticiúla a bhaineann le geilleagar ciorclach a fhorbairt agus a chur chun cinn d'fhonn an fhís de bheith ina hOllscoil atá neodrach ó thaobh carbóin de a chomhlíonadh.



Aidhmeanna Straitéiseacha

Tosaíocht a thabhairt do chosc dramhaíola ag gach deis trí éiceadhearadh, athúsáid agus deisiú. Dramhaíl a athchúrsáil agus a athúsáid ar bhealaí a chuireann éifeachtúlacht acmhainní chun cinn, a laghdaíonn costas, a chosnaíonn sláinte agus an timpeallacht agus a ghluaiseann i dtreo geilleagar ciorclach.



Cuspóirí

- Polasaí Dramhaíola ar fud na hollscoile a chomhaontú agus a chur i bhfeidhm. Iarracht a dhéanamh dul níos faide ná bainistíocht dramhaíola agus aghaidh a thabhairt ar an gcaoi a ndéanaimid dramhaíl dhochrach a dhearadh, saolré na dtáirgí a úsáidimid a mhéadú agus cosc a chur ar dhramhaíl sa chéad áit.
- An ráta athchúrsála a mhéadú ó 52% in 2019 go 55% faoi 2025. Tá sé seo ailínithe le spriocanna náisiúnta an Phlean Gníomhaíochta Aeráide, atá ag iarraidh 55% in 2025 agus 60% faoi 2030.
- Suirbhé nua ar thréithriú dramhaíola ar fud an champais a dhéanamh mar chuid de chleachtadh bailithe eolais chun tionchar a imirt ar athrú iompraíochta agus díriú air.
- Oibriú le conraitheoirí lónadóireachta chun dramhaíl bhia a laghdú 50% (i.e. dramhaíl chistine agus dramhaíl phláta) in ionaid lónadóireachta faoi 2025, roimh sprioc Rialtas na hÉireann chun dramhaíl bhia a laghdú faoi 2030.
- Cosc a chur ar earraí plaisteacha aonúsáide ar leith lena n-áirítear coimeádáin bhia, cupáin agus coimeádáin deochanna pholaistiréin de réir Threoir na bPlaisteach Aonúsáide.
- Áiseanna athchúrsála lipéadaithe go soiléir a sholáthar ag gach pointe diúscartha dramhaíola.
- Boscaí bruscair múirín a chur ar fáil ag gach láthair cistine/ceaintín ar fud an champais. Araidí múirín a sholáthar i ngach limistéar cóiríochta do mhic léinn ar an gcampas.
- Mar chuid de chlár Shaotharlanna Glasa na Gaillimhe agus an Creat Soláthair nua, iarracht a dhéanamh plaistigh shaotharlainne aonúsáide a laghdú agus úsáid táirgí glasa/roghanna malartacha a chur chun cinn. Ábhair in-athúsáidte eile a chur in ionad na bplaisteach aonúsáide agus oibriú leis an soláthraí chun plaisteach pacáistithe a laghdú.
- A chinntiú go ndéantar dramhaíl ghuaiseach a dheighilt, a phacáistiú, a lipéadú agus a stóráil i gceart. Iarracht a dhéanamh méid na dramhaíola guaisí a eascraíonn ar an láthair a laghdú, e.g., trí chloí le '12 phrionsabal na ceimice glaise'.
- Leanúint le tionscadail chomhoibríocha faoi stiúir na mac léinn a chur chun cinn le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus cathartha a fhéachann le dramhaíl a laghdú agus le hacmhainní a athúsáid (e.g. siopa leabhar athlámhe, díol éadaí ón seanré).
- Agus an campas á úsáid mar shaotharlann bheo, rannpháirtíocht na mac léinn ar dhramhaíl mar acmhainn a mhéadú chun amhábhair a athchúrsáil, a athúsáid agus a aisghabháil mar chuid de gheilleagar ciorclach agus de bhithgheilleagar.
- A bheith ar thús cadhnaíochta domhanda i dtaighde agus i nuálaíocht a fhéachann le dramhaíl a bharrfheabhsú mar acmhainn chun amhábhair a aisghabháil.

An Timpeallacht Thógtha

IOMPAR

Mar institiúid taighde den scoth agus an institiúid tríú leibhéal is mó in Iarthar na hÉireann, tugann na mílte mac léinn, comhalta foirne agus cuairteoir cuairt ar OÉ Gaillimh ar bhonn laethúil. Is cuid bhunúsach de ghníomhaíochtaí laethúla é an t-iompar agus táimid tiomanta roghanna taistil inbhuanaithe, cothroma, sábháilte a fhorbairt a uasmhéadaíonn rochtain ar oideachas, deiseanna fostaíochta, seirbhísí agus a mbíonn tionchar dearfach acu ar shláinte agus ar fholláine. Mar chuid dár dtiomantas do stíleanna maireachtála sláintiúla inbhuanaithe agus ár lorg carbóin a laghdú, leathnóimid an t-infreastruchtúr agus na saoráidí siúil, rothaíochta agus iompair phoiblí chun aistriú córa iompair a chur chun cinn; polasaithe a chur i bhfeidhm chun déine taistil carbóin a laghdú agus cleachtais oibre a fhorbairt a laghdaíonn turais gan ghá agus a chuireann cothromaíocht oibre is saoil chun cinn. Tá an Straitéis seo nasctha le Plean Taistil OÉ Gaillimh, 2016-2020 trína dtugann an Ollscoil tiomantas roghanna taistil inbhuanaithe a chur chun cinn. Tá an straitéis seo nasctha leis an bPlean Gníomhaíochta Aeráide a bhfuil sé mar aidhm aige nach mbeidh fás ag brath an oiread ar iompar.



Aidhm Straitéiseach

Tacú le hoibríochtaí laethúla agus fás pleanáilte na hollscoile, agus an tionchar tráchta a íoslaghdú agus soghluaisteacht agus roghanna taistil inbhuanaithe a fheabhsú. Agus muid ag obair i gcomhar leis an rialtas áitiúil agus le comhpháirtithe eile, iarracht a dhéanamh lorg carbóin an iompair a laghdú.



Cuspóirí

- Deiseanna siúil agus rotháiochta a mhéadú ach an campas a bheith níos oscailte trí chosáin ar ardchaighdeán a chruthú, bealaí isteach atá oiriúnach do choisithe, pasáistí a thacaíonn le rothair agus méid agus luas an tráchta feithiclí a laghdú.
- Líon na dturas a dhéantar chuig an gcampas i gcarr a laghdú trína chinntiú gur roghanna sábháilte, áisiúla, intuartha iad siúl, rotháiocht agus iompar poiblí. Tionchar na cianoibre agus na foghlama cumaiscthe ar phatrúin taistil a iniúchadh. Bealaí nuálacha a aithint chun turais ghluasteáin le duine amháin chuig an Ollscoil a laghdú.
- Áiseanna páirceála rothar a chothabháil agus a athnuachan chun dóthain páirceála tiomnaithe, sábháilte rothar a chinntiú ar fud an champais, agus go mbeidh rothair lastais nó leantóirí a iompraíonn leanai san áireamh chomh maith. A chinntiú go bhfuil áiseanna cithfholctha agus taisceadán ag teacht leis an éileamh.
- Leanúint ar aghaidh ag cur scéim roinnte rothar, scéim taistil chun na hoibre agus an scéim comaitéirí coigiltis cánach chun cinn trí thionscnaimh feasachta spriocdhírthe. Feachtais taistil ghníomhacha a chur chun cinn cosúil le dúshlán peidiméadar agus rotháiochta, rith spraoi, ranganna cothabhála rothar, etc.
- Dul i gcomhairle le Comhairle Cathrach na Gaillimhe (GCC) agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) chun feasacht a ardú maidir le heasnamh i líonra coisithe agus rotháiochta Chathair na Gaillimhe. Comhoibriú chun deiseanna iompair inbhuanaithe a mhéadú.
- Iarracht a dhéanamh tionchar a imirt ar GCC agus NTA chun rochtain OÉ Gaillimh ar an 'Acomhal Iompair Phoiblí' beartaithe de chuid Straitéis Iompair na Gaillimhe a bhrostú. Agus é seo ar siúl againn, soláthar seirbhíse bus, rochtain ar sheirbhísí bus agus eolas faoi sheirbhís bus/amchláir a fheabhsú.

- Leanúint leis an bpróiseas chun feithiclí iompair na hollscoile a uasghrádú le feithiclí leictreacha nó hibrideacha agus é mar aidhm againn feithiclí ollscoile gan aon astaíochtaí a bhaint amach faoi 2025.
- Líon na bpointí luchtaithe r-charr a leathnú ar fud an champais.
- Gan forbairt na hOllscoile sa todhchaí a bheith ag brath chomh mór ar iompar agus tacú le folláine agus cothromaíocht oibre is saoil na foirne trí thacú le prótacal obair-ón-mbaile/cianobair.
- Polasaí Aerthaistil a bhaineann leis an Ollscoil a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tionchair aeráide aerthaistil a mhaolú (e.g. taisteal idirnáisiúnta a bhaineann le staidéar thar lear, taisteal acadúil mar chuid de thaighde). Feabhas a chur ar shaoráidí físchomhdhála gréasáin/físe agus teicneolaíochtaí físchomhdhála agus comhoibrithe a chur chun cinn mar roghanna inmharthana ar thaisteal físeach.
- Iniúchadh a dhéanamh ar intéirneach a earcú mar Chomhordaitheoir Plean Taistil chun ról ceannais a imirt i gcur i bhfeidhm éifeachtach an phlean Taistil, chun iompar inbhuanaithe a chur chun cinn don fhoireann, do na mic léinn agus don phobal i gcoitinne agus chun idirchaidreamh a dhéanamh le príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear NTA, GCC agus páirtithe leasmhara sa phobal áitiúil e.g. grúpaí úsáideoirí rotháiochta.
- Comhoibriú go cuimsitheach le mic léinn agus leis an bhfoireann agus an úsáid is fearr a bhaint as taighde den scoth san Ollscoil chun na cuspóirí seo a bhaint amach.



2021-2025

Tag	Bearta rathúlachta	Sprioc	Úinéir
An Comhshaol Tógtha			
CT1	Ó bhonnlíne 2019, laghdaigh an tomhaltas uisce iomlán faoi 10%	2025	Foirgnimh & Eastáit
CT2	Cosc a chur ar earraí plaisteacha aonúsáide ar leith lena n-áirítear coimeádáin bhia, cupáin agus coimeádáin deochanna pholaistiréin de réir Threoir na bPlaisteach Aonúsáide.	2021	Foirgnimh & Eastáit/Seirbhísí Tráchtála/CUSP
	Laghdaigh dramhaíl bhia (dramhaíl chistine agus phláta) faoi 50%	2025	
CT3	An bhonnlíne a bhaineann le lorg carbóin iompair a leagan síos ag úsáid sonraí suirbhé 2016 agus é a laghdú bliain i ndiaidh bliana	2025	Foirgnimh & Eastáit/CUSP



Rialachas & Ceannaireacht

8. Rialachas & Ceannaireacht

In OÉ Gaillimh, táimid tiomanta do ról lárnach agus claochlaitheach a bheith againn maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach. Mar shínteoirí ar Chomhaontú SDG, táimid tiomanta gach iarracht mhór a ailíniú leis na SDGanna, na spriocanna agus na táscairí, lena n-áirítear trínár ngníomhaíochtaí oideachais, taighde, ceannaireachta, oibríochta agus rannpháirtíochta. Ó seoladh ár gcéad straitéis inbhuanaitheachta i mí na Samhna 2017, tá dul chun cinn suntasach déanta againn ina leith seo. Trí chomhairliúchán fairsing leis an ollscoil agus leis an bpobal i gcoitinne, roghnaíodh inbhuanaitheacht mar cheann de cheithre phríomhluach a mhúnlaíonn Plean Straitéiseach foriomlán na hOllscoile: Fís Roinnte, Múnlaíthe ag Luachanna, a seoladh i mí na Nollag 2019. Mar phobal ollscoile, táimid tiomanta d'inhuanaitheacht agus é mar uailmhian againn an t-aistriú a threorú chuig toadhcháil inbhuanaithe ar ár gcampas, inár gcathair agus inár réigiún agus ar fud an domhain.



Aidhmeanna Straitéiseacha

Glacfaidh CUSP ról ceannasaíochta chun an t-aistriú chuig toadhcháil inbhuanaithe a threorú trínár dteagasc, ár dtaighde, ár gcuid seirbhísí tacaíochta gairmiúla, ár ngníomhaíochtaí agus ár dtionchair. Déanfaimid ár gcampas agus ár ngnóthaí seachtracha uile a bhainistiú go hinbhuanaithe, agus féachaimid le bheith inár n-eiseamláir d'eagraíochtaí cosúil linn, trí thionchar dearfach a bheith againn ar an gcomhshaol agus ar an tsochaí. Forbróimid ár gcéimithe mar cheannairí inbhuanaitheachta amach anseo in Éirinn agus ar fud an domhain, ag forbairt an chéad ghlúin eile de mhic léinn, taighdeoirí agus nuálaithe chun dul i ngleic le dúshlán forbartha inbhuanaithe an domhain.

Cuspóirí

- Na SDGanna a leabú inár gcuid oideachais, taighde, ceannaireachta, seirbhísí tacaíochta gairmiúla, oibríochtaí, gníomhaíochtaí riaracháin agus rannpháirtíochta, trí thógáil ar obair CUSP agus a chur chuige maidir le foghlaim, maireachtáil agus ceannaireacht inbhuanaithe. Daoine ó gach príomhghrúpa páirtithe leasmhara a bheith páirteach inár n-iarachtaí, lena n-áirítear mic léinn, comhaltaí foirne, pobail áitiúla agus grúpaí seachtracha eile. Comhoibriú ar fud cathracha, réigiún, tíortha agus mór-ranna mar chuid de chomhfhreagairt idirnáisiúnta ag obair i dtreo na SDGanna a bhaint amach.
- Bord Comhairleach Inbhuanaitheachta a bhunú chun maoirseacht straitéiseach a sholáthar ar thiomantas na hOllscoile i leith inbhuanaitheachta, ról lárnach a imirt i bhforbairt struchtúir láidre rialachais, tacú le comhtháthú na hinbhuanaitheachta i ngníomhaíochtaí laethúla ar gach leibhéal den Ollscoil agus obair agus cur i bhfeidhm trasearnála a chinntiú.
- Tiomantas ar fud na hollscoile a thaispeáint chun campas inbhuanaithe a chur i bhfeidhm agus na SDGanna a chur chun cinn. Cuimseoidh pleananna oibríochta bliantúla do gach coláiste agus aonad gníomhaíochtaí soiléire chun straitéis inbhuanaitheachta na hollscoile a chomhlíonadh. Tuairisceoidh gach coláiste agus aonad gach bliain an dul chun cinn maidir leis an SDG a bhaint amach, lena n-áirítear a ndul chun cinn gach móriarracht ina n-aonad a ailíniú leis na haidhmeanna, na spriocanna agus na táscairí forbartha inbhuanaithe.
- Tiomantas don ionracas agus don cheannaireacht eiticíúil a thaispeáint. Ionad oibre éagsúil, uilechuimsitheach agus sábháilte a chinntiú do chách. Leanúint le polasaí infheistíochta eitice a chur i bhfeidhm. Leanúint d'uailmhianta glasa follasacha a leabú inár Ráiteas maidir le Freagracht Shóisialta Chorparáideach atá mar chuid de Ráiteas Airgeadais Bliantúil OÉ Gaillimh.
- Dea-chleachtas a chur i bhfeidhm go náisiúnta maidir le soláthar inbhuanaithe agus cairt soláthair inbhuanaithe agus cód iompair ghlais a fhorbairt do sholáthraithe. Beidh polasaí/cairt inbhuanaitheachta ag gach conraitheoir nua agus iad siúd

a lorgaíonn conarthaí a athnuachan, a léireoidh ár dtiomantas i leith forbairt inbhuanaithe agus gnó a dhéanamh le comhpháirtithe a bhfuil tiomantas den chineál céanna déanta acu.

- Aitheantas idirnáisiúnta a bhaint amach as dul chun cinn maidir le hinbhuanaitheacht. Páirt a ghlacadh i gcórais idirnáisiúnta rangaithe inbhuanaithe, lena n-áirítear Córas Measúnaithe agus Rátála Rianaithe Inbhuanaithe (STARS) ag an gCumann chun Inbhuanaitheacht san Ardoideachas a Chur Chun Cinn (AASHE) agus Ranguithe Tionchair Shochaíoch Times Higher. Leanúint d'aitheantas náisiúnta a bhaint amach trí Chlár Champas Glas an Taisce.
- A bheith páirteach i líonraí campais inbhuanaithe idirnáisiúnta. Leanúint ar aghaidh ag lorg comhpháirtíochtaí agus comhoibrithe le hollscoileanna eile atá ag dul sa treo céanna ionas gur féidir linn eispéiris a roinnt, foghlaim óna chéile agus oibriú le chéile chun dúshlán fhorásacha forbartha inbhuanaithe na sochaí a réiteach.
- Inbhuanaitheacht a scaipeadh lasmuigh den champas trí chomhpháirtíochtaí inbhuanaitheachta a bhunú leis na pobail atá mórthimpeall orainn, le comhlachtaí náisiúnta agus le comhpháirtithe Eorpacha agus idirnáisiúnta. Áireofar leis seo tionscadail shuaitheanta a fhorbairt le Grúpa Cúraim Sláinte Ollscoile Saolta, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, tionscail áitiúla agus comhpháirtithe pobail; tríd an Tionscnamh Eolais Pobail (CKI), rochtain na mac léinn ar scoláireacht dírithe ar dhúshlán inbhuanaitheachta a leathnú; lucht déanta polasaithe réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach a nascadh le saineolas in OÉ Gaillimh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán na forbartha inbhuanaithe.
- Ceannaireacht inbhuanaitheachta a thaispeáint inár mbainistíocht ar ghnéithe fisiciúla agus oibríochta na hollscoile. Sáróimid na spriocanna atá leagtha amach i gclár Éifeachtúlachta Fuinnimh na hEarnála Poiblí agus gníomhóimid mar cheannaire san earnáil. Cinnfimid ár lorg carbóin bonnlíne agus leagfaimid síos treo chun bogadh go uailmhianach i dtreo neodracht charbóin. Bainfimid deimhniú mar Shaotharlann Ghlas amach ar fud na saotharlann ollscoile go léir.
- Roghanna maidir le héabhlóid agus leanúint na Straitéise Inbhuanaitheachta do OÉ Gaillimh a mheas agus a mholadh.

Tag	Bearta rathúlachta	Sprioc	Úinéir
Rialachas agus Ceannaireacht			
RC1	Taispeáin dul chun cinn bliain ar bhliain maidir le gnóthachtáil SDGanna	Feabhsú Bliantúil ar Rangú Times Higher Education maidir le Leas na Sochaí	CUSP, R&C
RC2	Comhpháirtíochtaí éifeachtacha bunaithe le grúpaí pobail chun SDGanna a bhaint amach	Fás Leanúnach gach bliain	CUSP, R&C
RC3	Gach saotharlann deimhnithe mar shaotharlann ghlas	Faoin mbliain 2025	CUSP, R&C
RC4	An chéad rátáil STARS a bhaint amach agus rátáil dámhachtana a fheabhsú. Stádas Bhrat Glas de chuid an Taisce a choinneáil	Rangú tosaigh STARS faoi 2022 le rátáil dámhachtana feabhsaithe faoi 2025	CUSP, R&C
RC5	Cuimsíonn gach conradh/tairiscint critéir maidir le hábhair ghlasa a cheannach	Faoin mbliain 2021	CUSP, R&C
RC6	An bealach chuig neodracht charbóin a bhaint amach	Lorg carbóin a thomhas agus a thuairisciú faoi 2021. Creat a fhorbairt faoi 2023 don ollscoil chun neodracht charbóin a bhaint amach faoi 2030	CUSP, R&C



Cumarsáid Agus Rannpháirtíocht

9. Cumarsáid Agus Rannpháirtíocht

Aithnímid an ról tábhachtach a bhí ag cumarsáid agus rannpháirtíocht lenár bpobail éagsúla inár rath go dtí seo agus a bheidh amach anseo chun ár bhfís a bhaint amach. Ní mór dúinn an saineolas, an dúthracht, an paisean agus an fuinneamh don inbhuanaitheacht atá ar fud na hollscoile agus an phobail i gcoitinne a úsáid, trí chomhoibriú láidir agus rannpháirtíocht bhríoch. Is é an chéad tosaíocht atá againn an rannpháirtíocht a láidriú ar bhealach níos struchtúrtha lenár bpobal campais de níos mó ná 19,000 mac léinn agus os cionn 2,700 comhalta foirne.

Ár Mic Léinn

Mar ollscoil atá múnlaíthe ag luachanna, tagann ár luach inbhuanaitheachta go láidir ónár gcuid mac léinn. Ba mhaith linn é seo a mhéadú agus a chinntiú go bhfuil deiseanna leanúnacha ann do mhic léinn páirt ghníomhach a ghlacadh in inbhuanaitheacht ar an gcampas.

Ár bhFoireann

Tuigimid go bhfuil cohórt láidir d'fhostaithe spreagtha agus díocasacha atá tiomanta áit níos inbhuanaithe a dhéanamh de OÉ Gaillimh. Táimid buíoch as an ról rithábhachtach atá ag an bhfoireann maidir leis na haidhmeanna agus na cuspóirí atá leagtha amach sa straitéis seo a bhaint amach. Déanfaimid cumarsáid agus teagmháil éifeachtach lenár bhfoireann, agus é mar aidhm againn feasacht a mhéadú, tionchar a imirt ar dhearccháil agus athrú iompraíochta a spreagadh.

Ár bPobail

Mar ollscoil a bhfuil a misean dírithe ar leas an phobail, leathnaíonn ár n-uailmhianta inbhuanaitheachta i bhfad níos faide ná ballaí an champais. Le linn an phlean seo, lorgóimid deiseanna chun teagmháil ghníomhach a dhéanamh le heagraíochtaí agus le grúpaí sochaí sibhialta agus cathartha i réigiún na Gaillimhe; lorgóimid comhpháirtíochtaí le príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear Comhairle Cathrach na Gaillimhe, grúpa cúraim sláinte Ollscoile Saolta agus institiúidí oideachais eile; agus lorgóimid comhghuaillíochtaí straitéiseacha inbhuanaitheachta le comhpháirtithe Eorpacha agus Idirnáisiúnta; agus é mar aidhm ár n-uailmhian inbhuanaitheachta a uasmhéadú agus a bhaint amach.

Cuspóirí

Leanúint ar aghaidh le hidirphlé an dá threo lenár bpobail, le meon oscailte measúil, chun ár gcumarsáid a fheabhsú.

- Bord Ginearálta/grúpaí oibre CUSP a chur in iúl mar ardán do mhic léinn agus don fhoireann chun inbhuanaitheacht a chur chun cinn ar an gcampas.
- Creat cumarsáide agus rannpháirtíochta a fhorbairt laistigh de gach grúpa oibre chun scéimeanna rannpháirtíochta a eagrú agus a sheachadadh ar fud na sé phríomhréimse téama dár straitéis inbhuanaitheachta.
- Deiseanna leanúnacha a sholáthar do mhic léinn agus don fhoireann a bheith páirteach in inbhuanaitheacht ar an gcampas e.g. trí bheith páirteach i ngrúpaí oibre, ceardlanna, laethanta comhairliúcháin, seimineáir agus imeachtaí líonraithe
- Cás-staidéir grúpa oibre a fhorbairt a chuireann tionscnaimh inbhuanaitheachta in iúl do phobal na hOllscoile i gcoitinne agus dár bpobail sheachtracha agus dhomhanda
- Ag aithint gur tháinig inbhuanaitheacht chun cinn mar bhonnluach dár bpobal campais, oibriú le Cumarsáid Inmheánach chun líonra cumarsáide láidir, éifeachtach a thógáil ar inbhuanaitheacht ar fud na hollscoile e.g. láithreán gréasáin, nuachtlitr, ardáin shóisialta.
- Tacú le hobair Bhord Comhairleach Inbhuanaitheachta na hOllscoile chun próifíl OÉ Gaillimh a ardú i measc lucht féachana náisiúnta agus idirnáisiúnta lena n-áirítear aitheantas na hollscoile a chur ar chomhréim le coincheap na hinbhuanaitheachta.
- Comhpháirtíocht a dhéanamh le Clár Iniúchta OÉ Gaillimh chun síolmhaoiniú a sholáthar do thionscadail nuálacha mac léinn agus do chomhoibrithe mac léinn-foirne a thugann dúshlán inbhuanaitheachta ar an gcampas do mhic léinn agus do chomhaltaí foirne chun dul i ngleic leo. Deiseanna a lorg chun teagmháil a dhéanamh le heagraíochtaí idirnáisiúnta

Gairmiúla chun tacú le intéirneachtaí mac léinn ar phríomhthionscadail inbhuanaitheachta, áit a n-úsáidtear an campas mar shaotharlann bheo.

- Dul i dteagmháil le cumainn mac léinn a bhfuil téamaí inbhuanaitheachta acu, meantóireacht a dhéanamh orthu agus tacú leo. Inbhuanaitheacht a chomhtháthú in imeachtaí mac léinn chun é a normalú mar chleachtas cultúrtha.
- Líonra seaimpíní inbhuanaitheachta foirne agus ambasadóirí branda mac léinn a bhunú mar acmhainn saineolais agus taithí chun Straitéis Inbhuanaitheachta OÉ Gaillimh a chur chun cinn.
- Imeachtaí a réachtáil ar fud na hOllscoile chun luach saothair agus aitheantas a thabhairt do na seaimpíní inbhuanaitheachta inár bpobal. Leanúint ar aghaidh le Clár Dhámhachtainí Inbhuanaitheachta na Mac Léinn chun ceannairí mac léinn a chothú i réimse na hinbhuanaitheachta. Clár dámhachtainí a leathnú chun dámhachtain aitheantais foirne a áireamh.
- Dul i dteagmháil le grúpaí agus le heagraíochtaí pobail i réigiún na Gaillimhe agus deiseanna nua foghlama, deonacha agus for-rochtana atá dírithe ar an bpobal a fhorbairt i réimse na hinbhuanaitheachta.
- A bheith gníomhach leis an rialtas, comhlachtaí stáit, gníomhaireachtaí forbartha, grúpa ospidéal Saolta, agus le hinstitiúidí oideachais eile féachaint leis an gcion a dhéanaimid don fhorbairt réigiúnach náisiúnta agus idirnáisiúnta a uasmhéadú.



Aguisín 1

Tiomantas OÉ Gaillimh i leith na hInbhuanaitheachta chun Príomhghníomhartha atá leagtha amach in Fís i gCoiteann, Múnlaíthe ag Luachanna – Straitéis 2020-2025 a

Tag	Tiomantas OÉ Gaillimh i leith na hInbhuanaitheachta	Príomhghníomhartha Fís i gCoiteann, Múnlaíthe ag Luachanna – Straitéis 2020-2025
Taighde agus Foghlaim		
TF1	Comhtháthú inbhuanaitheachta ar fud chláir oideachais uile na hollscoile	AS03, AS09, AS10, AP10, AP11
TF2	Deis ag gach mac léinn de chuid OÉ Gaillimh eispéiris inbhuanaitheachta comhchuraclaim a bheith acu	AS03, AR03, AP10, AP11
TF3	Deiseanna a sholáthar do chách le foghlaim faoi inbhuanaitheacht agus a bheith mar chuid den phróiseas athraithe san aistriú go campas inbhuanaithe	AS03, AR03, AP03
TF4	Gníomhaíocht taighde a mhéadú atá ailínithe leis na SDGanna ar fud na gcoláistí agus na n-institiúidí taighde go léir. Bonnlíne de thionscadail taighde mhaoinithe a leagan síos atá ailínithe leis na SDGanna, le rún ailíniú os cionn 60% a bhaint amach	AS03, AS11, AS19, AP06, AP07, AP08, AP13, AE07, AE09, AE11, AE12, AE13
TF5	Ceannaireacht i nuálaíocht agus fiontraíocht inbhuanaitheachta. Bonnlíne a bhunú agus clár nuálaíochta agus fiontraíochta inbhuanaitheachta a mhéadú	AP12, AE05, AE11, AE13
Fuinneamh agus Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa		
F1	Éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú 45% ó bhliain bhonnlíne 2005	AS05, AS07, AS13, AS21
F2	*Astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 15% bunaithe ar bhonnlíne 2021 *F2 – Déanfar an sprioc a athbhreithniú tar éis an bhonnlíne agus an mhodheolaíocht do 2021 a fhoilsiú	AS05, AS07, AS13, AS21
F3	20% den leictreachas le teacht ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2025	AS05, AS07, AS13, AS21
Nádúr agus Éiceachórais		
NE1	Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta curtha i bhfeidhm agus monatóireacht air le haghaidh nuashonruithe amach anseo	AS04, AS08, AS20
NE2	Naisc léirithe idir bainistíocht inbhuanaithe an champais agus taighde ar bhithéagsúlacht an champais. Iarratas ar mhaoiniú le haghaidh gníomhaíochtaí chun bainistíocht inbhuanaithe bithéagsúlachta a thaispeáint don phobal i gcoitinne	AS04, AS08, AS20
NE3	Sínitheoir ar Ná Fág Rian agus na prionsabail atá curtha i bhfeidhm	AS04, AS08, AS20
NE4	Tionscadail phobail chomhfhobartha sa chathair agus sa chontae le príomhpháirtithe	AS04, AS20

Tag	Tiomantas OÉ Gaillimh i leith na hInbhuanaitheachta	Príomhghníomhartha Fís i gCoiteann, Múnlaíthe ag Luachanna – Straitéis 2020-2025
Sláinte agus Folláine		
SF1	An Marc KeepWell a bhaint amach	AR11
SF2	Stádas an Champais Shláintiúil a bhaint amach	AR10
SF3	Campas Saor ó Thobac	AR10
SF4	Leibhéal an óil dochraigh i measc na mac léinn a laghdú	AR10
An Comhshaol Tógtha		
CT1	Ó bhonnlíne 2019, laghdaigh an tomhaltas uisce iomlán faoi 10%	AS13
CT2	Cuir cosc ar earraí plaisteacha aonúsáide ar leith lena n-áirítear coimeádáin pholaistiréine do bhia agus do dheochanna. Laghdaigh dramhaíl bhia (dramhaíl chistine agus phláta) faoi 50%	AS06, AS14, AS15, AS17
CT3	Lorg carbóin iompair bonnlíne a bhunú faoi 2021 agus é a laghdú bliain i ndiaidh bliana	AS16, AS18
Rialachas agus Ceannaireacht		
RC1	Taispeáin dul chun cinn bliain ar bhliain maidir le gnóthachtáil SDGanna	AS01, AS03, AS19, AP06
RC2	Comhpháirtíochtaí éifeachtacha bunaithe le grúpaí pobail chun SDGanna a bhaint amach	AS20, AS21, AR03, AP07, AP08, AP13
RC3	Gach saotharlann deimhnithe mar shaotharlann ghlas	AS02, AS12, AS14, AS15, AS17
RC4	An chéad rátáil STARS a bhaint amach agus rátáil dámhachtana a fheabhsú. Stádas Bhrat Glas de chuid an Taisce a choinneáil	AS20, AP06
RC5	Cuimsíonn gach conradh/tairiscint critéir maidir le hábhair ghlasa a cheannach	AS06, AS15
RC6	Plean a fhorbairt chun bogadh go huailmhianach i dtreo neodracht charbóin	AS02, AS05, AS07, AS12, AS13, AS21

Príomhghníomhartha

OÉ Gaillimh atá Inbhuanaithe

AS01 Síneoidimid Comhaontú na Náisiún Aontaithe maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDG), cuirfimid romhainn iad a chur i bhfeidhm agus díreoidimid ar stádas Seaimpín SDG a bhaint amach

AS02 Oibrímid le chéile chun plean oibre uailmhianach a fhorbairt a mbeidh sé mar aidhm aige neodracht charbóin a bhaint amach faoin mbliain 2030

AS03 Beidh an inbhuanaitheacht chun cinn inár bhfoghlaim, inár dtaighde agus in eispéireas na mac léinn ionas gur féidir leis an bpobal campais an t-eolas agus na scileanna atá de dhíth a ghnóthú chun bheith ina n-eiseamláirí agus ina gceannairí inbhuanaitheachta

AS04 Déanfaimid ár gcomhshaol a bhainistiú ar bhealaí atá íogair dár n-éiceachórais agus a thagann lenár mianta a bheith inár n-eiseamláir i ndáil le taighde agus teagasc faoin mbithéagsúlacht

AS05 Glacfaimid le teicneolaíochtaí iontaofa nua chun cur le héifeachtacht fuinnimh ár bhfoirgneamh agus lenár Rátáil Fuinnimh Foirgnimh trí inbhuanaitheacht a chomhtháthú i bpleanáil agus i bhforbairt uile Rannóg na bhFoirgneamh agus na nEastát faoi choimirce an Phlean Gníomhaithe náisiúnta ar son na hAeráide

AS06 Bainfimid cothromaíocht amach idir an fhiontraíocht agus an chríonnacht agus muid i mbun pleanála chun an chobhsaíocht airgeadais a bheidh de dhíth orainn chun ár spriocanna uailmhianacha a bhaint amach a chinntiú

AS07 Leagfaimid spriocanna uailmhianacha amach dúinn féin i réimse an fhuinnimh inbhuanaithe agus an mhaolaithe carbóin

AS08 Leagfaimid spriocanna uailmhianacha amach dúinn féin i réimse chosaint na bithéagsúlachta

AS09 Leagfaimid spriocanna uailmhianacha amach dúinn féin i réimse na hinbhuanaitheachta leabaithe sa churaclam

AS10 Leagfaimid spriocanna uailmhianacha amach dúinn féin i réimse na gclár iarchéime atá dírithe ar an inbhuanaitheacht

AS11 Leagfaimid spriocanna uailmhianacha amach dúinn féin i réimse na dtorthaí taighde i réimse na hinbhuanaitheachta

AS12 Leagfaimid spriocanna uailmhianacha amach dúinn féin i réimse theastasú na Saotharlainne Glaise

AS13 Leagfaimid spriocanna uailmhianacha amach dúinn féin i réimse dearaidh agus inbhuanaitheachta foirgneamh

AS14 Leagfaimid spriocanna uailmhianacha amach dúinn féin i réimse na bainistíochta dramhaíola

AS15 Leagfaimid spriocanna uailmhianacha amach dúinn féin i réimse an tsoláthair

AS16 Leagfaimid spriocanna uailmhianacha amach dúinn féin i réimse an taistil agus na dtomhaltán

AS17 Leagfaimid spriocanna uailmhianacha amach dúinn féin i réimse na húsáide plaistigh

AS18 Leagfaimid spriocanna uailmhianacha amach dúinn féin i réimse na gcleachtas oibre agus staidéir atá cuidithe ag an teicneolaíocht

AS19 Díreoidimid ár saineolas agus ár n-infreastruchtúr taighde ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus beidh spriocanna intomhaiste againn d'ioncam, torthaí agus tionchair taighde

AS20 Féachfaimid lenár féidir linn a bhaint amach maidir le hinbhuanaitheacht a scaipeadh lasmuigh den champas trí chomhpháirtíochtaí inbhuanaitheachta a bhunú leis na pobail atá mórthimpeall orainn, le comhlachtaí náisiúnta agus le comhpháirtithe Eorpacha agus idirnáisiúnta

AS21 Sáróimid na spriocanna atá leagtha amach i gclár Éifeachtacht Fuinnimh na hEarnála Poiblí agus glacfaimid ról ceannaireachta san earnáil trí thaispeántas tionscadail, rannpháirtíocht leis an bpobal agus comhoibriú le húsáideoirí fuinnimh ar ár gcampais trí chéile.



OÉ Gaillimh ina bhfuil Meas ar chách

AR03 I gcomhar lenár bpobail, forbróimid agus cuirfimid i bhfeidhm clár freagrachta sóisialta struchtúrtha don ollscoil trí chéile féachaint le tionchar dearfach agus intomhaiste a imirt ar an tsochaí

AR10 Glacfaimid chugainn féin cur chuige eiseamláireach maidir le sláinte fhisiciúil, shóisialta agus mheabhrach inár bpobail mar chomhpháirtí leis an tionscadal Éire Shláintiúil agus tríd an gCreat um Champas Sláintiúil a a chur i bhfeidhm

AR11 Forbróimid agus cuirfimid straitéis iomlánaíoch i bhfeidhm do shláinte agus leas na foirne, ag tógáil ar a bhfuil bainte amach sa tionscnamh maidir le Timpeallacht Dhearfach Oibre, agus bainfimid creidiúnú amach tríd an Marc KeepWell

OÉ Gaillimh atá Oscailte

AP03 Agus muid ag tógáil ar ár n-ainmniúchán mar Ollscoil Tearmainn, forbróimid réimse tacaíochtaí do gach pobal ar mian leo rochtain a fháil ar an ardoideachas

AP06 Déanfaimid straitéis shoiléir a fhorbairt agus a chur chun feidhme don idirnáisiúnú agus don chomhar idirnáisiúnta a chabhróidh le tionchar agus le clúdach na hOllscoile a uasmhéadú ar bhonn domhanda i gcomhthéacs chlár an Rialtais, Éire Dhomhanda

AP07 Déanfaimid clár struchtúrtha rannpháirtíochta do pháirtithe leasmhara seachtracha straitéiseacha a dhearadh agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear alumni, an earnáil thionsclaíoch, an pobal agus an rialtas, chun go mbainfimid leas as comhairle, saineolas, tacaíocht agus rannpháirtíocht

AP08 Féachaimid lenár gcaidreamh le hinstiúidí agus le líonraí an Aontais Eorpaigh a leathnú d'fhonn tionchar na hOllscoile a uasmhéadú

AP10 Déanfaimid sainiúlacht ár réigiúin a neadú inár gcuraclam trí dheiseanna a chur ar fáil dár mic léinn tabhairt faoi shocrúchán oibre, obair allamuigh agus foghlaim phobal-bhunaithe agus foghlaim seirbhíse

AP11 Cruthóimid deiseanna níos fearr dár mic léinn agus dár gcomhaltaí foirne chun a gcuid dearthaí a leathnú agus taithí éagsúil a fháil trí chlár staidéir thar lear, socrúcháin, meantóireacht, agus comhoibríthe teagasc agus taighde

AP12 Cuirfimid comhpháirtíochtaí ar bun le gníomhaireachtaí forbartha agus le páirtithe leasmhara d'fhonn tacú le fás agus le scálú gnóthaí dúchasacha agus idirnáisiúnta

AP13 Déanfaimid taighde feidhmeach a neadú san Ollscoil trí chéile trí chuireadh a thabhairt don phobal a bheith páirteach inár ngníomhaíochtaí taighde, agus trí chomhoibríú leo

OÉ Gaillimh atá Saineolach

AE03 Déanfaimid tacaíochtaí acadúla piaraí, tacaíochtaí scileanna acadúla agus nuálaíochtaí curaclaim a phríomhshruthú, agus tuiscint againn ar an rithábacht a bhaineann le barr feabhais i dteagasc agus i bhfoghlaim do mhisean na hollscoile

AE05 Tuigimid agus aithneoidimid inár bpolasaithe agus inár gcleachtais an tiomantas don teagasc, don nuálaíocht churaclaim, don léann, don chomhchleachtas agus do bhainistíocht chlár


AE07 Bainfimid úsáid as an straitéis agus na luachanna seo chun ár n-institiúidí taighde a athnuachan féachaint le cinntiú go mbeidh tionchar leanúnach againn agus go dtacóimid le caighdeán arda

AE09 Féachaimid le díriú ar chlár oibre taighde an Aontais Eorpaigh d'fhonn deiseanna maoinithe a uasmhéadú, ag teacht lenár misean chun freastal ar an tsochaí

AE11 Oibreoidimid go gníomhach chun cáil na Gaillimhe a chothú go hidirnáisiúnta mar ionad barr feabhais i dteicneolaíocht an leighis, eolaíocht sonraí, cultúr agus cruthaitheacht, aeráid agus aigéin, beartas poiblí, agus nuálaíocht i Straitéis Fostaíochta don Todhchaí de chuid Rialtas na hÉireann

AE12 Cuirfimid comhpháirtíochtaí straitéiseacha nua ar bun le hionaid taighde barr feabhais clúiteacha náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta a mbeidh fócas faoi leith acu ar chomhpháirtíochtaí taighde agus ar mhalartú foirne/mac léinn

AE13 Forbróimid clár ábhar tarraingteach chun torthaí agus tionchar ár dtaighde agus nuálaíocht a chur ar taispeánt ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta



Grianghraf: Dr Chaosheng Zhang



NUI Galway
OÉ Gaillimh



Straitéis Inbhuanaitheachta

www.nuigalway.ie/sustainability

Grianghraf: Dr Chaosheng Zhang